# Iorras Aithneach 2005

## *Ceantar Charna agus Chill Chiaráin*











**An Fóram do Phobal Iorras Aithneach** **Luach €5**

NDP
PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA




pobal




forbairt

teanga



cultúr











*ag obair ar son phobal*
*na Gaeltachta agus*
*na Gaeilge*



Údarás na Gaeltachta


*Údarás na Gaeltachta*
*Na Forbacha, Gaillimh*
*Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101*
*Ríomhphost: eolas@udaras.ie*
*http://www.udaras.ie*

# EAGARFHOCAL



**Máirtín Ó Catháin, Eagarthóir, Iorras Aithneach 2005**

Beidh cuimhne in Iorras Aithneach go ceann i bhfad ar an 9ú lá do Dheireadh Fómhair, 2005. Bh'shin é an lá a dtug foireann Charna/an Chaisil a n-aghaidh ar Ghaillimh le dhul in éadan Bhóthar na Trá - foireann a bhfuil imreoirí acu as i bhfad's i ngearr - i gcluiche ceannais sinsir peile na Gaillimhe. Bhí daoine ann a dúirt go mbeadh an lá le Bóthar na Trá gan stró ach is beag cainte a bhí fanta ag an dream sin agus deich nóiméad le n-imirt. Ceart go leor, chaill Carna sa deireadh ach is beag a bhí idir an dá fhoireann.

Tharla sé gur chaill Carna an stadas sinsir níos deireannaí sa mbliain ach ní cúis náire ná ísliú meanmna é sin. Anonn agus anall a théann an imirt. Tá a fhios ag na peileadóirí féin go mbeidh sé deacair a theacht aníos aríst…agus níl rogha mór imreoirí acu mar atá i gceantair a bhfuil daonra mór iontu. Ach, d'fhéadfadh siad an beart a dhéanamh.

Fair play do na peileadóirí. Dhúisigh siad spiorad agus croí an phobail i bhFómhar na bliana 2005…agus tharraing siad meas agus moladh orthu féin ar Pháirc an Phiarsaigh. Nár laga Dia iad.

Bhí spraoi agus spiorad agus spleodar sa bpobal freisin i dtús mhí Iúil nuair a bhí Triathlon Chonamara -Rása an Phortaigh- ann. Ócáid mhór agus cúis mhaith léi; ciste airgid a bhailiú le haghaidh Bád nua Tárrthála do cheantair Iorras Aithneach agus na nOileán. Ba iontach an rud é gur tháinig na daoine óga le chéile ag eagrú na hócáide sin.

Sé an trua é nach bhfuil deis níos fearr ag daoine óga an cheantair seo an saol a chaitheamh sa taobh seo tíre. Ach, níl na deiseanna oibre ann atá ag feiliúint do shaol an lae inniu. Go deimhin, mar atá mínithe go minic, sé an chaoi a bhfuil cúrsaí oibre gaibhte chun deireadh go mór sa bpobal le leathscór blianta. Sa mullach ar sin, tá muid ró-fhada ón gcathair le buntáiste a bhaint as na jabanna atá ar fáil ansin - sin, ar ndóigh, muna mbeidh bóthar ceart againn go Gaillimh.

Ní hionann muide agus pobail atá i bhfoisceacht 20/25km do chathair na Gaillimhe. Ní cosúil go bhfuil glactha leis sin fós ag dreamanna ar nós Comhairle Chontae na Gaillimhe, Údarás na Gaeltachta agus ag áisíneachtaí Stáit eile. Sé an sean phort ag go leor acu é. Tá píosaí as an bPolasaí sin againn féin, "Cosán eile ag Teastáil", a d'ullmhaigh muid sa bhFómhar, san Irisleabhar. Ach fágfadh muid na cúrsaí sin go leathtaobh an tráth seo don bhliain.

Tá muid ag cur an Irisleabhair seo amach le scaitheamh maith anois agus bíonn muid ag súil i gcónaí go mbeidh eolas spéisiúil inti, go n-dúiseoidh sí cuimhní cinn, go mbainfidh sí gáire amach. Rud eile agus rud an-tábhachtach … tá súil againn go dtabharfaidh an Irisleabhar pictiúr don bhaile don dream as an bpobal atá imithe - bíodh siad in áiteacha eile sa tír seo, nó thar lear, an Nollaig seo.

# Go bhfága Dia an tsláinte agaibh

Thug daoine go leor cúnamh ag cur an irisleabhair seo i dtoll a chéile. Rinne Ann Marie Ní Fhlatharta obair mhór - idir chúrsaí fógraí, grianghrafanna, obair ríomhaireachta agus go leor eile. Tá lorg a cuid oibre go mór ar an Irisleabhar.

Bhí an fhoireann chéanna - beagnach - atá ag plé le comhaireamh an daonra linn aríst i mbliana: Bairbre Uí Shúilleabháin, Colm Ó Cuaig, Máire Bolger, Michael Phat Thomáis, Tomás Ó hIarnáin, Ann Marie Uí Cheannabháin, Máire Ní Uaithnín, Maitias agus Peige Uí Choirbín, Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin, Alison Ní Chadhain agus Susan Uí Chatháin.

Siad Máirtín Ó Gríofa agus Ann Marie Ní Fhlatharta a thóg go leor de na pictiúir agus fuair muid tuilleadh acu ó Stan Shields agus Bernard Ó Laoi ar an gCaiseal. Thug daoine eile sean-phictiúir dúinn agus tá muid faoi chomaoin acu.

Tá muid buíoch don Athair Peadar Ó Conghaile as an gcuntas a chur ar fáil faoi Bhás/Breith/Pósadh sa bpobal le bliain anuas.

Sí Sorcha Ní Chonghaile as Clódóirí Lurgan a rinne an leagan amach ar an Irisleabhar agus agus tá slacht curtha aice an an bhfoilseachán seo aríst.

## *Guíonn muid biseach ar Chiarán Ó Maoláin*

Theagmhaigh ruaig tinnis i mbliana do Chiarán Ó Maoláin, ball de Choiste na gCathaoirleach ar Fhóram Iorras Aithneach agus fear a bhí gníomhach ar bhealaí eile go leor sa bpobal le fada. Tá súil againn go gcaithfidh sé an tinneas sin go gairid agus go mbeidh sé ar ais ina shean léim aríst. Guíonn muid uilig Nollaig mhaith agus athbhliain faoi mhaise ar Chiarán, ar Evelyn, agus ar a gclann Eoin, Lorna agus Lane…agus ar mhuintir Mhaoláin uilig.

### AN CLÚDACH TOSAIGH

*Ar barr - ó chlé:*

**Mac an tSeaimpín** Michael an tSeaimpín – atá ar shlí na fírinne anois – agus é ag cur fáilte "abhaile" roimh a chol cúigear, Peggy, i Ruisín na Mainíoch i 1991. Ba col ceathrar é Michael do Sonny McDonagh, polaiteoir a raibh cáil mhór air i mBoston. Tá an scéal san Irisleabhar seo.

**Róisíní** Róisín Ní Chualáin as Carna (*Róisín Ros na Rún*) ar chlé … agus Róisín Ní Chatháin as Gabhla agus iad réitithe amach le haghaidh ócáid Debs na bliana seo.

**Hopkins *v* McBride** Micheál Ó hOibicín as Muighinis in éineacht le Kevin McBride, an dornálaí, i gCarna ag ócáid Thriathlon Chonamara i mí Iúil.

*In íochtar:*

**Carna/Caiseal ar paráid** I bPáirc an Phiarsaigh roimh chluiche ceannais sinsir na Gaillimhe in aghaidh Bhóthar na Trá.

Taighde agus Forbairt Saothrú Mara

*Maricultural Research and Development*

Taighde Mara Teo

Carna,

Co. na Gaillimhe, Éire

Fón: 353-(0)95 32225

Facs: 353-(0)95 32300

Suíomh Idirlíon: www.taighde.ie

An bhfuil tú ag iarradh saothrú a bhaint as an fharraige ?

An bhfuil smaoineamh agat ?

Tá muide breá sásta cúnamh agus tacaíocht
a thabhairt duit.


# AN FÓRAM DO PHOBAL IORRAS AITHNEACH

## Coiste na gCathaoirleach

Tomás Ó Niadh, Máire Uí Uaithnín, Máirtín Ó Catháin, Ciarán Ó Maoláin.

## Na Baill

Dr. Micheál Ó Cathasaigh, Máirtín Ó Gríofa, Máire Uí Chuinneáin, Micheál Breathnach, Susan Uí Chatháin, Deirdre Uí Chualáin, Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin, Roibeard P. Ó hÉilí, Ann Marie Ní Fhlatharta, Máire Uí Loideáin, Bairbre Uí Mhaoilchiaráin, Gearóid Ó Cosgordha, Alison Ní Chadhain, Beartla Breathnach, Micheál Ó Maoláin, Cóilín Ó Cualáin, Máire Áine Ní Neachtain, Macdara Ó Cuaig, An tAthair Peadar Ó Conghaile, Alma Mhic Fhlannchadha, Seosamh Ó Cuirrín, Tomás Ó hIarnáin, Eibhlín Uí Mhaoláin, Máire Uí Bholguidhir, Rosario Ní Shúilleabháin, Siobhán Ní Mhaoilchiaráin, Dara Ó Flatharta, Louis Mac an Iomaire, Máire Uí Iarnáin, Brigid Keaney-Earl.



# *Arramara Teo.*

*Cill Chiaráin,*
*Conamara,*
*Co. na Gaillimhe*

**Fón**

095 33404/33417

**Facs**

095 33494

e phost: info@arramara.ie

**www.arramara.ie**

# 5 chloch mhóra ar phaidrín na bliana seo

**Bhí chúig ábhar mhóra ar an gclár oibre againn i dtús na bliana. Cá bhfuil muid anois?**

## Scéim Uisce

An scéim faoi lán tseoil. Conraitheoirí Burke and Ward ag déanamh na hoibre. An scéim uisce is mó ariamh in iarthar na Gaillimhe. Shaothraigh muid é seo in imeacht na mblianta. Ach, tá sé ann anois. Tá sé ceaptha a bheith críochnaíthe an bhliain seo amach romhainn.

## Scéim Tithe ar phraghas réasúnach

Gheall Comhairle Chontae na Gaillimhe i dtús na bliana seo go dtosnófaí an obair sa Samhraidh (2005). Níor tharla sin …agus níl a fhios againn cén fáth.

Pé ar bith scéal é, tá conraitheoir roghnaíthe agus tá gealltanas againn go dtosnófar an obair ar an suíomh gar go Shiopa Dowd i Ruisín na Mainíoch.

Seacht gcinn déag de thithe a bheidh ann (17). Rinne muid an socrú faoin talamh seo roinnt blianta ó shin. Go n-éirí leis an scéim agus go n-éirí le chuile dhuine agus chuile theaghlach a bheidh sna tithe amach anseo.

## Scéimeanna séarachais do Charna agus Chill Chiaráin

Sé an scéala oifigiúil ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gcónaí go ndéanfar an dá scéim seo i 2006. Gabhfaidh sé rite leo. Dúradh linn scaitheamh ó shin go mba fhéidir go gcaithfí fanacht go dtí 2007! Bhí an chéad staidéar ceapaithe a bheith déanta agus curtha chuig an gComhairle Contae ar an 21ú Samhain. Caithfear é a chur chuig an Roinn Comhshaoil ansin agus tá tuilleadh dindiúirí i gceist. Caithfear coinneáil leis seo.

## Creche/Naíolann/Naonra ar an Eastáit Tionscail

Bhí láimh againn anseo i gcomhar leis an gComharchumann agus le Coiste na Naíolainne. Cá bhfuil muid anois?

Tá cead iomlán pleanála ar fáil le haghaidh an fhoirgnimh gar don Ionad Fiontair ar an Eastáit Tionscail;

Tá Údarás na Gaeltachta sásta an suíomh a réiteach ar a gcostas féin;

Tá €600,000 ceadaithe ag an Roinn Dlí agus Cirt le haghaidh na hoibre.

Mar adeir an béarla “sounds good”. Ach, fuire ort. De réir na meastacháin atá curtha ag na hinnealtóirí ar chostas tógála na Naíolainne, chosnódh an obair €1.4m - sin é an meastachán gairmiúil. Cuireadh an t-eolas agus na cáipéisí sin faoi bhráid feidhmeannaigh as an gcomhlucht ADM a chas linn i gCarna i mí Lúnasa. Cén mhaith €600,000?

Tá an Teachta Dála, Noel Grealish - a thug láimh chúnta leis an iarracht le cúpla bliain - gaibhte ag obair ar an iarracht aríst. Ach, tá ceist ann? Cén fáth a gceadófaí €600,000 le haghaidh Naíolann agus fianaise shoiléir ann go dteastódh a dhá oiread?

## Tacaíocht do sheirbhísí dochtúra i gCarna

Tá muid ag leanacht ar aghaidh leis an iarracht go gcuirfí tacaíocht ar fáil do sheirbhísí dochtúra i gCarna. Tá a fhios againn uilig céard atá uainn - sin go leanfadh an tseirbhís mhaith dochtúrachta atá againn ar aghaidh mar a bhíodh sé. Tá muid ag iarraidh go mbeadh dochtúr lonnaithe gar do láthair, de ló agus d’oíche …seacht lá na seachtaine.

Anois, ní féidir linn a bheith ag luí ar na maidí de bharr de bhfuil ceist WestDoc ciúinithe faoi láthair; d’fhéadfadh sé go n-dúiseofaí an t-ábhar seo aríst. Tá muide ag iarraidh go mbeadh córas ann - ciste airgid nó dochtúr breise - a chinnteodh go mbeadh seirbhís cheart in Iorras Aithneach i gcónaí.

Tá an cheist pléite leis an Tánaiste agus tá an t-ábhar faoi bhráid cheannasaí Sheirbhísí Sláinte an Iarthair anois. Tá an cheist faoi cheapadh Physiotherapist i gCarna pléite freisin agus curtha faoi bhráid cheannasaí na seirbhísí sláinte.


RTÉ RAIDIÓ
NA GAELTACHTA
www.rte.ie/rnag
92 - 94 FM & 102.7FM

# SRÁIDBHAILE CHARNA

**Gan dabht, tá dul chun cinn déanta in imeacht na bliana seo ag Coiste Gnímh Shráidbhaile Charna. Tá an scéal faoin fhorbairt ar sráidbhaile Charna soiléirithe anois … ach teastaíonn gníomh gan mhoill. Tá conraitheoirí na scéime uisce ag rá go mbeidh siadsan críochnaithe roimh dheireadh na bliana 2006. Bheifí ag súil go mbeadh an obair ar shreagáin faoi thalamh, cosáin srl dá déanamh ach a mbeadh an scéim ag críochnú.**

Tá gealltanas faighte ag an gCoiste Gnímh go gcuirfear sreangáin an teileafóin faoi thalamh idir Áras Shorcha Ní Ghuairim agus Óstán Chuan Charna.

Tá gealltanas faighte ó Bhord Soláthair an Leictreachais go gcuirfear na sreangáin leictreachais faoi thalamh idir an tÓstán agus Teach an Phosta i gCarna. Táthar ag iarraidh orthu na sreangáin a chur síos ar fud an bhaile ach tá an ESB ag rá nach ndéanfaidh siad é sin muna n-íocann dream éicint eile as.

Tá an Chomhairle Contae sásta cosáin a dhéanamh idir an tÓstán agus Áras Shorcha Ní Ghuairim …ach tá siad ag rá gur plean cheithre bliana atá ann.

Tá an Coiste Gnímh ag rá nach bhfuil aon chiall le 4 bliana – ba cheart go bhféadfaí an obair a chríochnú taobh istigh de dhá bhliain. Níl ann ach cosán!

Tá sé ráite ag an Aire Éamon Ó Cuív go mbeidh airgead ar fáil as ciste na Roinne sin aige féin le cuidiú go láidir leis an obair. Anois an t-am.

Ar ndóigh, tá an obair ag Teach an Phobail i gceist, carr chlós srl. Níl cúrsaí pleanála réitithe faoi sin agus muid ag scríobh.

Is údar sásaimh é do Choiste Gnímh Shráidbhaile Charna go bhfuil an cheist faoin tsráidbhaile dúisithe dháiríre ó thosaigh siad bliain go leith ó shin. Tá Plean ann anois – bunaithe ar an bPlean a réitigh an Coiste Gnímh. Tá gealltanas ann go mbeidh airgead ar fáil agus tá téarma cheithre bliana curtha ar an obair. Ach, ní fhágfar an scéala mar sin – cén fáth 4 bliana? Caithfear an obair a dhéanamh i bhfad níos sciobtha ná sin. Beidh torann ann.

## Baill Choiste Gnímh Shráidbhaile Charna

Tomás Ó Nídh, Mairéad Mhic Oireachtaigh, Ann Dowd, Dr. Micheál Ó Cathasaigh, Máire Ní Uaithnín, An tAthair Peadar Ó Conghaile, Susan Uí Chatháin, Máirtín Ó Gríofa, Máirtín Ó Catháin, Gearóid Ó Cosgordha, Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin.

# Daonra an Phobail

## *An claonadh le 15 bliain*

***(Cuirtear san áirimh daoine óga atá i gColáiste srl ach a thagann abhaile mórán chuile dheireadh seachtaine sa gcomhaireamh a dhéanann muid ar an daonra.)***

| **BAILE** | **1990** | **2004** | **2005** |
|---|---|---|---|
| Doire Iorrais | 78 | 85 | 88 |
| Coill Sáile | 103 | 91 | 101 |
| Loch Con Aortha | 90 | 92 | 74 |
| Cill Chiaráin (sráidbhaile) | 149 | 151 | 157 |
| Áill na Brún/ Bántrach Ard | 78 | 61 | 104 |
| An Aird Mhóir | 152 | 222 | 208 |
| Caladh bhFuinnse | 86 | 67 | 94 |
| Ruisín na Mainíoch | 113 | 104 | 105 |
| Muigh Inis. | | | |
| Cartúr | 41 | 38 | 40 |
| Feithearnach | 76 | 60 | 60 |
| Meáll Rua | 40 | 45 | 43 |
| Ruisín an Chalaidh | 4 | 6 | 6 |
| An Crumpán | 45 | 45 | 45 |
| Carna: Ó Tigh Jackie Dowd go dtí Óstán Charna | 117 | 159 | 170 |
| Leitir Deiscirt | 37 | 31 | 31 |
| Coillín | 49 | 33 | 29 |
| An Aird Thoir | 60 | 57 | 52 |
| An Aird Thiar | 69 | 60 | 56 |
| An Más | 41 | 23 | 29 |
| Leath Mhás | 4 | 2 | 3 |
| Duibhither | 66 | 62 | 75 |
| Muighros - soir chomh fada leis an scoil | 85 | 66 | 66 |
| Leitir Ard, Damhros -agus siar go Scoil Mhuighrois…. | 123 | 104 | 94 |
| Glinnsge | 64 | 56 | 48 |
| Caladh an Chnoic | 7 | 6 | 7 |
| Gabhla | 41 | 32 | 28 |
| **Iomlán** | **1818** | **1758** | **1802** |

**NÓTA:**
Bhí beagán dul amú orainn ar an gcomhaireamh ar an daonra anuraidh. Fágadh amuigh daonra Áill na Brún agus bhí botún freisin san bhfigiúr a tugadh síos do Chaladh bhFuinnse. Dá réir sin bhí an daonra anuraidh níos airde na an figiúr a tugadh síos. Chuile sheans gur cheart go mbeadh tuairim's 1830 nó 1840 tugtha síos don bhliain anuraidh. Dá réir sin, speáineann comhaireamh na bliana seo go bhfuil laghdú ar an daonra - cé nach bhfuil mórán i gceist sa bparóiste uilig.

'Sé an rud is suntasaí ná an méadú atá tagtha ar cheantar bhaile Charna féin. Sé an Teach Altranais an t-údar atá leis sin. Cuireann an Teach Altranais tuairim 's 50 uilig leis an daonra idir na daoine atá ina gcónaí ansin agus seisear altraí as tiortha eile atá ag obair ann agus ag fanacht i gCarna.

'Speáineann an Daonáirimh an Stáit go bhfuil laghdú daonra i mórán chuile áit sa bpobal ach comhaireann siadsan an líon daoine a bhíonn sa teach ar oíche áirithe. D'fhéadfadh sé nach mbeadh micléinn sa mbaile, an oíche sin.

## An Líon gasúr sna Bunscoileanna

### *An claonadh le 15 bliain*

| **Scoil** | **1990** | **1999** | **2004** |
|---|---|---|---|
| Muighros | 38 | 13 | 7 |
| Muigh Inis | 33 | 26 | 11 |
| Carna | 78 | 54 | 50 |
| An Aird Thiar | 61 | 35 | 32 |
| Cill Chiaráin | 73 | 59 | 21 |
| An Aird Mhóir | 50 | 66 | 50 |
| **Iomlán** | **333** | **263** | **171** |

**Mórán mar a chéile atá figiúirí scoile na bliana seo. Tá na figiúirí sin sách simplí. Tá laghdú beagnach 50% ar an líon gasúir bunscoile sa bpobal le 15 bliain.**

NUACHT DEIREADH BLIANA … AGUS MUID AG DUL I gCLÓ

### Tithe ar phraghas réasúnach

Tairgíodh an obair ar 17 teach do Jackie Dowd. Ní raibh an conradh sínithe fós agus muid ag dul i gcló. Dúirt an Chomhairle Contae go bhfuil sé i gceist acu an obair a thosnú i mí Eanáir, 2006. Bhí gealltanas tugtha acu go mbeadh an obair ag tosnú i 2005. Tá sé in am anois.

### Scéimeanna Séarachais

Tá an chéad phlean le haghaidh an scéime séarachais i sráidbhaile Charna réitithe anois. Tá sé i lámha na n-oifigigh sa gComhairle Contae ach ní tabharfaidh siad aon eolas dúinn fós faoin áit go díreach atá i gceist. Beidh Plean Chill Chiaráin acu go gairid, adeir siad.

Tá gealltanas ann i gcónaí go dtosóidh an obair i 2006 … sé an port is deireannaigh atá ag an gComhairle Contae go mba fhéidir go mbeadh siad sa tóir ar chonraitheoir roimh dheireadh 2006.

### Scoil na hAirde Móire

Shocraigh Bord Bainistíochta Scoil na hAirde Móire díreach roimh an Nollaig go n-éireodh siad an as iarracht a bhí ar bun acu le scoil nua a fháil. Ní raibh an tacaíocht a theastaigh ag teacht ón Stát. Tá siad ag déanamh iarracht anois le forbairt a dhéanamh ar an Scoil atá ann.

# CÚRSAÍ FOSTAÍOCHTA AGUS OIBRE

## *Laghdú uafásach ar an bhFeilméireacht Bradán*

### An obair i dtionscail na mbradán sa bpobal

| 1990 | 1999 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|---|
| 151 | 147 | 41 | 37 |

Tá na jabanna uilig sa tionscail - farraige, monarchana agus oifigí - comhairithe ansin. Tá idir lán-aimseartha agus páirt-aimseartha comhairithe freisin. Sna blianta a caitheamh, ba mhinic go mbíodh an dream páirt-aimseartha ag déanamh seachtain iomlán oibre.

Má bhreathaíonn muid ar an líon a bhíodh, agus atá - an beagán atá fanta - ag obair ar na cliabháin bradán féin ar an bhfarraige sa gceantar, mar seo atá an scéal:

| 1990 | 1999 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|---|
| 58 | 47 | 4 | 0 |


# Europus Teoranta

**AN COMHLACHT TEANGA**

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Fón: 091-572082 Faics: 091-572335 europus@indigo.ie

**Aistriúchán Béarla/Gaeilge**

*Comhlacht gairmiúil aistriúcháin le haistritheoirí oilte den scoth*
*Ag soláthar táirgí teanga den scoth do chomhlachtaí rialtais*
*agus do chuideachtaí príobháideacha agus do dhaoine aonair.*

- An scoth ó thaobh teanga agus seachadta
- Obair go dlúth leis an gcliant
- Deis ag an gcliant athruithe a dhéanamh le linn an phróisis aistriúcháin
- Meastacháin in aisce
- Aistriúchán in am agus sa leagan amach a éilítear
- Aistriúchán ar fáil go tapa
- Rúndacht agus cúirtéis i gcónaí

**Aistriúchán ar an bhfón - 1580 22 77 88**

*Scoth na Seirbhíse, Scoth an Aistriúcháin, Taithí na mBlianta*

**An tAistriúchán Gairmiúil - Aistriúchán Europus**

EUROPUS

# Céad Fáilte Romhaibh

### *Gasúir a Baisteadh sa bpobal idir 15-11-2004 agus 15-11-2005*

| Ainm | Seoladh | Dáta |
|---|---|---|
| Martina Una Ní Cheannabháin | **Carna** | 18/11/04 |
| Cathal Micheál O Cadhain | **Cill Chiaráin** | 02/12/04 |
| Kerina Alice Casey | **Glinsce** | 29/11/04 |
| Meabh Nora Ní Chualáin | **Carna** | 29/12/04 |
| Claire Ann Loftus | **Doire Iorrais** | 24/01/05 |
| Ciara Suibhán Leavy | **Aill na Brún** | 14/02/05 |
| Kate Nora Ní Shúilleabháin | **Loch Con Aortha** | 02/04/05 |
| Jake Anthony Ó Conaola | **Coill Sáile** | 12/05/05 |
| Dara Francis Ó Cualáin | **Cill Chiaráin** | 14/05/05 |
| Sinéad Ó Halloran | **Inis Boffin** | 23/04/05 |
| Ciara Ní Mhaolchiaráin | **Dubhithir** | 29/06/05 |
| Seán Bobby Ó Cathasaigh | **Bántrach Ard** | 30/08/05 |
| Ciara Máire Ní Chualáin | **Muighinis** | 30/09/05 |

# Sonas Oraibh

### *Lánúnacha a phós sa bpobal idir 15/11/04 agus 15/11/05*

**25/06/05** *Joe Moylan (An Aird Mhóir) agus Claire Curran (An Aird Mhóir)*

**09/07/05** *Tómas Breathanch (Carna) agus Bríd Ní Mhaolchiaráin (Aird Thoir)*

**29/07/05** *Aoife Ní Ghuairim (Leitir Ard) agus Ronán Ó Flatharta (Aird Mhóir)*

**06/08/05** *Damien Leavy (Aird Mhóir) agus Mary Ellen McGlashin (Ros Dugáin)*

**24/09/05** *Pauline Keaney (Gabhla) agus Ciarán Murphy(Baile Átha Cliath)*

**29/10/05** *Marie Ní Dhubháin (Aird Mhóir) agus Padraig Ó Lochláinn (Leitir Mór)*

**05/11/05** *Gillian Cooney (Carna) agus Kenneth Clinton (Drogheda, Co Louth)*

### *Lánúnacha a phós taobh amuigh den phobal idir 15/11/04 agus 15/11/05*

**30/12/04** *Paul Joyce (Glinsce) agus Máirín Ni Choisdealbha (An Cnoc)*

**29/03/05** *Una King (Aird Thiar) agus Joe Keaney (Caiseal)*

**08/07/05** *MacDara Ó Maolchiaráin (Muighinis) agus Bernadette Ní Niadh (Rosmuc)*

**28/09/05** *Maire Ní Mhaolchiaráin (Aird Thoir) agus Ronán McGrath (Carna)*

**15/10/05** *Susan Curran (Aird Mhóir) agus Michael Geary(Carna)*

# I nGairdín Dé

***Daoine a fuair Bás agus a cuireadh sa bpobal ó 15-11-04 go dtí 17-11-05.***

| **Ainm** | **Seoladh** | **Dáta** |
|---|---|---|
| Eddie Connelly | Leitir Ard | 27/11/004 |
| Nellie Crean | Coillín | 13/12/04 |
| Nancy Canavan | Coill Sáile | 21/12/04 |
| Mary Murray | Sasana | 17/12/04 |
| Mark Naughton | Carna | 06/01/05 |
| Margaret McDonagh | Coillín | 16/01/05 |
| Kate Flaherty | Aird Mhóir | 28/01/05 |
| Máirtín Ó Maolchiaráin | Caladh bhFuínse | 08/02/05 |
| Mary Curran | Muighros | 01/03/05 |
| Micheál Ó Ceannabháin | Aird Thoir | 07/03/05 |
| Madelene Keaney | Gabhla | 25/04/05 |
| Áine Baby Hynes | Cill Chiaráin | 15/04/05 |
| Máitias Ó Conaola | Sasana | 23/11/05 |
| Annie Walsh-Landers | Loch Con Aortha | 10/01/05 |
| Barbara Uí Chlochartaigh | An Más | 29/06/05 |
| Nora Uí Chatháin | Glinsce | 01/10/05 |
| Coilín Baireád | Leitir Ard | 12/11/05 |
| Máire Uí Cheoinín | Leitir Ard | 20/08/05 |
| Bríd Breathnach | Aird Thiar | 24/03/05 |
| Ciarán Ó Súilleabháin | Loch Con Aortha | 20/08/05 |
| Máirtín Ó Clochartaigh | Muighinis | 17/11/05 |

*Bhásaigh 21 uilig agus ndéana Dia grásta orthu. Sa bpobal atá cónaí ar 13 a baisteadh agus tá cónaí sa bpobal ar 8 lánún a phós.*



# Frank Fahey T.D.

Aire Stáit sa Roinn Dlí agus Cirt

FIANNA FÁIL
THE REPUBLICAN PARTY

## Oifig:

Luan-Aoine 9 r.n. - 5 i.n.

Ballyane Ind. Est., Gaillimh

Fón: 091 771020

Ephost: frank@frankfahey.ie

www.frankfahey.ie

# Bóthar Mór Chonamara

**An Comhairleoir Contae Seosamh Ó Cuaig**



**Cén uair a mbeidh an bóthar nua againn i gConamara? Ceist í a chuirtear orm chuile dhara lá le gairid. Freagra amháin atá agam : beidh bóthar nua i gConamara chomh luath agus a bheas pobal Chonamara sásta cur go láidir agus go héifeachtach ar a shon - nuair a bheas siad in ann a chur ina luí ar pholaiteoirí áitiúla agus náisiúnta nach nglacfar le leithscéalta, le moilleadóireacht ná le cleasanna beaga fánacha agus go bhféadfadh duine eicínt a bheith siar leis mura bhfaighidh siad aird.**

Tarlaíonn sé go bhfuil mé imo chathaoirleach ar Choiste Bóithre agus Iompair na Comhairle Contae faoi láthair. Deis ar bith a fhaighim cuirim cás bhóthar Chonamara i gcluasa mo chomhghleacaithe.

Nuair a chuala muid go mbeadh cruinniú le fear ceannais Údarás na mBóithre Náisiúnta, Fred Barry, i mBleá Cliath shíl muid gur mhaith an t-ardán é leis an soiscéal a chraobhscaoileadh. Éamon Ó Cuív a bhí ag eagrú an chruinnithe. Bheadh Teachtaí Dála, Comhairleoirí Contae agus Comhaltaí Údaráis ann. An chéad rud eile, dúradh linn nach mbeadh Comhairleoirí Contae Chonamara ann chor ar bith. Mhínigh Éamon Ó Cuív gurbh é Fred Barry a bhí ag iarraidh an toscaireacht a choinneáil chomh beag agus ab fhéidir!

Chuaigh an cruinniú i mBleá Cliath chun cinn agus muide sa mbaile i gConamara agus bois faoinár leiceann againn.

Ach níor fhág muid an scéal i bhfad mar sin. Tarlaíonn sé go bhfuil mé imo chomhalta i gComhthionól na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair freisin - an BMW mar a thugtar air. Bhí cruinniú le bheith i mBealach an Doirín agus cé a bhí le bheith ina aoí speisialta ann ach fear na mBóithre Náisiúnta, Fred Barry.

Seo é mo dheis, a deirimse. Ba é agus níorbh é. Bhí cruinniú de Bhord Údarás na Gaeltachta i dTír Chonaill an lá céanna agus chaithfinn a bheith ansin.

Sin é an uair a dtáinig Dermot Connolly as Sinn Féin i gcabhair orainn. Seo é an fear nach raibh Fianna Fáil sásta labhairt leis féin ná liom féin nuair a bhí an Comhaontas le cur le chéile sa gComhairle Contae!

Cheistigh Dermot Connolly Fred Barry go géar ar mo shon ag cruinniú Bhealach an Doirín. D'fhiafraigh sé de an mbeadh sé sásta a ghabhail go Conamara anois agus cás na mbóithre a phlé. Dúirt Barry go mbeadh.

D'fhógair mise go mbeadh an cruinniú ann agus go gearr ina dhiaidh sin d'fhógair Éamon Ó Cuív go raibh sé féin ag eagrú an chruinnithe!

In oifig Roinn na Gaeltachta sna Forbacha a tháinig an cruinniú le chéile. Bhí muid ar fad ann an iarraidh seo - polaiteoirí, innealtóirí agus oifigigh. Pléadh go leor faoi bhóithre Chonamara. Nuair a dúirt Fred Barry go mba leis an Roinn Comhshaoil beart a dhéanamh faoin mbóthar nua ó dheas meabhraíodh dhó nárbh amhlaidh an cás i dtaobh an bhóthair ó thuaidh, as Gaillimh don Chlochán agus siar amach - go bhfuil sé de dhualgas ar an NRA na milliúin euro breise a chaitheamh le bóthar ceart a dhéanamh de sin.

Cuireadh bóthar nua Chonamara go láidir agus go soiléir ar an gclár oibre. Cá mbeidh sé? "Tá an-ómós agam dhuit, a Sheosaimh," a dúirt Frank Fahey, "ach maidir leis an rud seo atá sibh a iarraidh faoin mbóthar nua a chur go Carna níl ann ach *madness*." "Ní shílim gur go Carna a d'iarr muid é,"a deirimse, ach go Scríb," "Más mar sin é," a dúirt John Morgan, atá, i gceannas ar bhóithre an chontae, "nach bhféadfadh muid bóthar nua a dhéanamh den bhóthar as an Teach Dóite go Scríb agus freastal ar na ceantair siar ar an gcaoi sin?"

Bhí chuile dhuine an-dearfach faoin tráth seo. Bhí Éamon Ó Cuív chomh dearfach is go raibh sé ag gabhail ag cur bóthair den scoth as tairseach chuile theach i gConamara ar fud na tíre, nó sin a thuigfeá óna chuid cainte.

Mhínigh an tAire Ó Cuív aríst don chruinniú gur chuir sé féin 100,000 euro ar fáil le tús a chur le pleanáil bhóthar nua Chonamara.

An lá faoi dheireadh bhí cruinniú eile againn de Choiste Bóithre agus Iompair na Comhairle Contae. Chuir mise an 100,000 euro seo i gcuimhne dhóibh agus d'inis mé dhóibh gur dhúirt an tAire féin gur chuir oifigigh na Comhairle Contae in iúl dhó gurb shin é an luach oibre a bheidís in ann a dhéanamh ar an gcás i mbliana.

An ndéanfar an méid sin féin? Tugadh gealltanas sollúnta dhom go réiteofaí roimh Nollaig na príomhphointí a chaithfear a chur san áireamh nuair a bheas na pleananna don bhóthar nua á gcur i dtoll a chéile. Cuireadh ar mo shúile freisin gur gearr le ghabhail 100,000 euro sna cúrsaí seo ach go bhfuil iarratas curtha chuig an Roinn Comhshaoil ag iarraidh ciste láidir airgid i gcomhair na hoibre agus go bhfuil súil le deá-thoradh air.

Feachtas pobail a bhain amach Raidió na Gaeltachta. B'éigean an rud céanna a dhéanamh i gcás TG4. Grúpaí pobail a throid ar son an Údaráis a bhunú. Is féidir é a dhéanamh aríst. Agus cuimhníodh muid i gcónaí go bhfuil níos mó vótóirí i gConamara ná atá i gCo. Liatroma.

Ní mór dóibh labhairt agus labhairt go tréan.

# Imirceoirí ag tacú le bóthar go hIarthar Chonamara

## *– An Feisire Martin Walsh ina measc*

*Máirtín Ó Catháin*

**Scéala againn i ndeireadh na bliana as Boston – sin go bhfuil imirceoirí as Conamara … Ros Muc, Cill Chiaráin agus Carna go háirithe…ag tabhairt tacaíochta don mholadh go mbeadh bóthar nua tógtha as iarthar Chonamara isteach go Gaillimh.**

Tá na himirceoirí seo ag iarraidh go mbeadh ceann an bhóthair in áit éicint i gceantar Scríbe – an Tigh Dhóite. Tá innealtóirí áiríthe i gComhairle Chontae na Gaillimhe ag rá gur cheart go stopfadh an bóthar seo i Ros a 'Mhíl …agus tacaíocht acu ó pholaiteoirí áiríthe freisin.



**An Feisire Martin Walsh agus a uncail, Pat Walsh. Tá siad ag tacú leis an éilimh ar bhóthar nua as iarthar Chonamara go Gaillimh.**

Tá na himirceoirí as iarthar Chonamara don tuairim – mar atá muid féin - gur cheart go mbeadh an bóthar ag tosnú abhus anseo. Tuigeann siad an scéal níos fearr ná muid féin; má tá siad le theacht abhaile go deo, teastóidh obair agus tá a fhios acu gur i nGaillimh, nó gar do Ghaillimh atá formhór na bpostanna. Tá a fhios acu freisin go dteastaíonn bóthar ceart le éascaíocht a dhéanamh do dhaoine – agus teastaíonn sin i 2005.

Tá an Feisire Páirliminte i Massachussetts, Martin Walsh ag tacú leis an iarracht …mar atá léithide Pat Walsh, an ceannaire ceardchumainn as Carna agus go leor eile.

# Macdara Ó Loideáin

*D'éirigh Macdara Ó Loideáin as a phost mar Phríomh Oide ar Scoil Náisiúnta Bhríde i Muighros i mí an Mheithimh seo caite. Bhí os cionn dhá scór bliain caite aige ag múineadh ansin. Bhí oíche in onóir do Mhacdara i dTeach Ghlinnsge i mí Lúnasa. Seo cúpla pictiúr ón ócáid sin.*






**↑ Mairéad Mhic Dhonnchadha ag tabhairt bronntanais do Mhacdara Ó Loideáin ag an ócáid i dTeach Ghlinnsge.**

**← Sa bpictiúr seo tá trí ghlúin as an teaghlach amháin a chuaigh chun na scoile chuig Macdara Ó Loideáin i Muighros - ina seasamh ó chlé: Edward Ó Cuinneáin, a mhatháin Máire Uí Chuinneáin agus chun tosaigh tá Macdara Ó Cuinneáin ... mac Edward.**



**Tháinig laghdú mór ar an líon daoine óga sa gceantar in imeacht na mblianta. Ní raibh fanta ach cúigear san scoil nuair a chríochnaigh Macdara. Seo hiad an cúigear sin in éindigh le Macdara ag ag an ócáid i nGlinnsge. Ó chlé: Tomás Ó Conaire, Eoin Mac Donnchadha, Séamus Mac Donnchadha, Colm Ó Ceoinín agus Macdara Ó Cuinneáin. →**







*Ba mhaith le coiste*


# TRIATHLÓN CHONAMARA 2005

*buíochas ó chroí a ghlacadh leis na comhlachtai seo a leanas:-*

Abbey Glen Castle Hotel
Aer Árann
AIB, Gaillimh
Amarach Technologies Ltd.
An Spailpín Fánach
An Truelight Teoranta
Áras Shorcha Ní Ghuairim
Ardilaun Hotel
Arramara Teo
Ballinahinch Castle
Bord Iascaigh Mhara
Carna Lights
Cell Com
Celtic Atlantic Salmon
CH Marine Ltd.
Cill Chiaráin Éisc Teo.
Clódóirí Lurgan Teo.
Coláiste Chamuis
Coláiste Sheosaimh Teoranta
Comharchumann Chonamara Thiar
Comharchumann Iascairí Ghaillimh & Árann
Cumann Lúthchleas Gael Charna/an Chaisil
Connemara Gifts
Corrib Fire Protection
Corrib House Hotel
Cumas Teo
Dawn Dairies
Delphi Adventure Centre
Dublin Airport Authority
Easy Access
Elite Rosettes & Trophies
Ernst & Young
Exposure
Faoin Tuath
Fed – Ex
Fleming Seafood Ros a' Mhíl
Foras na Gaeilge
Foras na Mara
Gael Saoire
Galway Metal Co. Ltd.
Gifts by Grace
Great Outdoors
Healslip
Hehirs
Heineken
Jim Philips Beverges
John Carlos
John Fitzpatrick
Johnny Mckenna Design
Joyces Connemara Marble
Kealings Fruit
Kearneys Cycles
Kilkerrin Salmon
Killary Cruise
Kostello Hair & Beauty Group
Kylemore Abbey
Light 2 Sound
Little Killary
Lowry Gift shop
Malachy Bodhrán
Martin Kerrigan
Mc Swiggans, Gaillimh
Nick Pfeifir Dive
O' Reilly Signs
Oiffice Chat
Óstán Chuan Charna
Ostán Oileáin Árann
Páraic Ó Conaola
Price Waterhouse Coopers
Reflections
Renvyle House Hotel
Rí na Mara
River Deep Mountain High
RTÉ Raidió na Gaeltachta
Saotharlann Mhairtín Uí Rian
Scoil na hAirde Móire
Seamus Ó Scanláin
Sin É
Siopa Dowd
Slí C.D.
Smurfit
Stanleys
Station House
Sullivans
Swan Net – Gundry Ltd
TG4
The Art Gallery
The Atlantic Coast Hotel, Cathair na Mart
The Celtic Shop
Tí Chadhain
Tí Chaitlín Uí Dhonncha
Údarás na Gaeltachta
Veronica Ní Loidéain
Walsh Emporium
Waterford Crystal
Western Beverages
Western Pleasure
Zetland Hotel

*Agus do na daoine aonracha ar fad a thug síntiúis dhúinn.*

*Go mba fada buan sibh uilig!*









1 **Garda gan caipín. An Garda Máirtín Ó Gríofa i gcuideachta Kevin McBride ag ócáid an Triathlon i mí Iúil.**

2 **Cúnamh ag na Gardaí! Ba é an dornálaí, Kevin McBride an aoí speisialta a bhí i gCarna do imeachtaí Thriathlon Chonamara i mí Iúil. Sa bpictiúr seo: an Garda Tomás Ó Neachtain ar chlé, Kevin McBride i lár báire agus Sáirsint Charna, Ciarán Mac Giolla Phádraig ar dheis.**

3 **Pádraig Ó Clochartaigh ag cur teannamh leis an rothar i Triathlón Chonamara.**

4 **Johnny Ó Clochartaigh as Muighinis agus Kevin McBride.**



5 **Chruinnigh grúpa as Foras na Mara €26,487 le haghaidh ciste an Bháid nua Tarrthála. Ó chlé: Turloch Smith (Foras na Mara), Robert Bunn (Foras na Mara), Peter Heffernan (Príomh Fheidhmeannah – Foras na Mara), Pádraig Ó Cualáin (Carna), Máirtín Bairéad (Carna) agus Macdara Ó Cuaig (Foras na Mara agus Cill Chiaráin).**

# Cluiche Ceannais Sinsir an Chontae

*Bhí muintir an phobail an-ghliondarach agus an-bhródúil as Cumann Peile Charna/an Chaisil nuair a shroich siad cluiche ceannais sinsir an chontae. Imríodh an cluiche ar an 9ú Deireadh Fomhair. Bhí an dath dubh agus buí brataithe ar fud na háite.*




1



4


2


5


3


6



7

1 **Múnla eile don fhógra cáiliúil teilifíse - comhartha gar do dhroichead Bhun na nAbhann ag tabhairt misnigh do fhoireann Charna an Chaisil roimh chluiche ceannais peile na contae.**
2 **Bhí sé ina ghála lá an chluiche ceannais; leagadh na bratacha sa bPlantation i gCarna ar maidin.**
3 **An sean scioból ag Tigh Chadhain i nGabhla. Deirtear go mbíodh tír agus talamh ag tarraingt ann chuig damhsaí i bhfad siar sna blianta.**
4 **Fair play do Chadain Ghabhla – b'fhiú iad a scaoileadh amach.**
5 **Tabhair gaoithe uirthi – fad agus leithead bainte as na bratacha an trathnóna roimh an gcluiche ceannais.**
6 **Bhí go leor cainte ann go mba iad Carna na "Underdogs". Chroch Seán Ó Caodhna as Gabhla an gadhairín seo san aer. Breathnaigh go maith ar – feicfidh tú a phus – ach tháinig sé garbh agus baineadh soir agus siar as é. Ach nuair a chuaigh na "Underdogs" chun páirce, baineadh deatach as Bóthar na Trá.**
7 **Treoir sách simplí do na peileadóirí ar an mbealach i dtreo na gcnoc.**
8 **Cabhair ó Dhia – teach an Athair Uí Chonghaile brataithe freisin.**
9 **Bhí muintir Leitir Ard ag tacú lena gcuid fear féin.**


8


9

# *Polaitíocht an Chrosbhóthar*

## Bhí togchán Údarás na Gaeltachta ann ar an 2ú lá de Aibreán, 2005. Thug muide an ceamara go crosbhóthar Charna.
















1 Chuile dhream acu ag iarraidh vótaí.
2 Trevor Ó Clochartaigh as an Aird Mhóir agus é ag coinneáil le Slí Chonamara.
3 Fíor shiúl go deo faoi lucht Fhianna Fáil - "up to 80" a bhí siad!
4 Seo bean nach gcuirfidh na seideáin gaoithe ag crosbhóthar Dirrane i gCarna aon bhlas as di! Tá Máire Geoghegan-Quinn ceaptha ina Ball do Chúirt na nIniúchóirí san Eóraip arís t. Chríochnaigh sí a céad téarma 5 bliana sa bpost i 2005. I Lucsamburg atá na hIniúchóirí lonnaithe agus coinníonn siad súil ar airgead na hEorpa uilig. Faigheann Máire ionann agus €250,000 sa mbliain mar thuarastal. Is as sráidbhaile Charna í Máire ó dhúchas.
5 "Ní thabharfainn aird ar bith orthu!" (Ar eagla na mí-thuiscíona, tháinig aimsir an-gharbh roimh an toghchán agus cuireadh comhartha Shinn Féin do dhroim seoil – agus isteach sa ngarraí.)
6 Jacky Sheáin Cheaite Ó hUaithnín agus é ag cuimhniú ar chúrsaí polaitíochta. Féach ar an gcomhartha beag atá thíos faoi Sheosamh Ó Cuaig! Danger?
7 Éamon Ó Mealóid as Carna agus é ag dul i chuile threo.








Rang na hArdteistiméireachta 2005 i bPobalscoil Mhic Dara i gCarna. Go n-éirí an saol leo.

# TRIATHLÓN CHONAMARA 2005

# *Rása Mór an Phortaigh*

**Neasa Ní Chualáin**

**Tháinig deora le mo shúile agus d'ardaigh mo chroí nuair a séideadh an buinneán ar Thrá Bhuí na hÁirde Móire agus scaoileadh 164 síol froganna corcra chun farraige! Bhí an lá mór tagtha faoi dheireadh agus Triathlón Chonamara 2005 faoi lán tseoil.**

Cé gur chlis an aimsir orainn, níor chaill muid spiorad agus níor chaill na hiomaitheoirí, ná an lucht féachana, go deimhin, a misneach. Ghlac 254 iomaitheoir páirt i *Rása Mór an Phortaigh* ar mhaithe le *Bád Tarrthála Charna & na nOileán*. Tá os cionn €60,000 cruinnithe i gcóir chiste an bháid go dtí seo ó na himeachtaí ar fad a heagraíodh le linn Triathlón Chonamara 2005. Tá €100,000 i gciste an Bháid Tharrthála anois, a bhuíochas sin do chuile dhuine beo a thug cúnamh agus tacaíocht don fheachtas.


Is údar bróid é don phobal seo go bhfuiltear in ann a rá, go mbeidh Bád Tarrthála, nua as an bpíosa, ceannaithe roimh dheireadh na bliana agus gan Coiste an Bháid ar an bhfód ach bliain. Tá iarratas istigh faoi



láthair do *chead pleanála* le hÁras a thógáil don bhád sa Más. Fuaireas talamh ansin ó fhear gnaíúil agus tá buíochas mór ag dul dó. Tógfar leithris phoiblí san Áras chomh maith, rud a bhíonn ag teastáil go géar Lá Mhic Dara.

Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine agus is cinnte go bhfuil neart i gcur le chéile! Ní fhaca mé fós aon chruinniú daoine a sheas le chéile agus a d'oibrigh d'oíche is de ló ar dheireadh seachtaine an Triathlón, mar a rinne muintir Iorras Aithnigh agus ár gcairde taobh thall don chuan sna hOileáin.

Bhí daoine, sean agus óg, ag feistiú amach an champa a bhí i Roisín na Maníoch ar feadh seachtaine roimh réidh. D'eagraigh siad na hionaid éagsúla agus chuadar amach ag maoirseoireacht iontu san athmhaidin agus san oíche arís bhíodar ar dualgas ag na himeachtaí sóisialta, gan néal codlata faighte acu. Murach an comhoibriú sin, ní bheadh aon Triathlón againn. Mo cheol sibh ar fad!



**Cloigne, lámha, cosa srl! Dream an Triathlón ag cur tús leis an aistir fhada agus gaibhte sa snámh ag an Trá Bhuí san Áird Mhóir.**

Tháinig urraíocht chugainn ó dhaoine agus ó chomhlachtaí i bhfad is i ngearr. Thug daoine síntiúis airgid, duaiseanna, lascainí, agus seirbhísí in aisce dhúinn. Bhíodar flaithiúil linn. Caithfidh mé Foras na Mara a luadh go sonrach mar gur bhailigh triúr oibrithe dá gcuid €26,487 don bhád; siad sin Macdara Ó Cuaig, Turloach Smith agus Robert Bunn. Fuair muid suíomh ó Údarás na Gaeltachta mar shampla don Ollphubal – ní raibh aon áit eile sách mór ar an mbaile; Bhí Áras Shorcha Ní Ghuairim an-mhaith go deo dhúinn – bhí fáil agus tá fáil ar an áit dhúinn i gcónaí; rinne foireann oibre Charna Lights spot dhuais as fóid mhóna dhúinn! Agus ar fhaitíos go bhfágfainn aon nduine amach tá liosta na gcomhlachtaí ar fad a thug tacaíocht dhúinn i bhfógra ar leathnach eile san Iris seo. Tá muid faoi chomaoin acu uilig..

'S é Séamus Ó Clochartaigh a chuimhnigh ar an Triathlón, an chéad lá ariamh, sa bhFómhair seo caite agus bhailigh cúpla duine againn le chéile go dtabharfadh muid faoi. Níor fhan Séamus linn mar bhí cúraimí eile air ach thug sé chuile thacaíocht dúinn agus tá muid buíoch dó féin agus do mhuintir Uí Chlochartaigh dá barr sin.

B'imeacht bheag a bhí le bheith sa Triathlón i dtosach ach de réir a chéile thuig muid leis an spéis a léirigh daoine ann go gcaitheadh muid freastal a dhéanamh orthu. Theastaigh uainn beocht agus spraoi a dhúiseacht san áit. Bhí duairceas le n-aireachtáil sa phobal 'théis tragóide an St. Oliver. Is mór an chailliúint do Chonamara agus Árainn, bá na bhfear amach ó chósta Mhuighinse agus ní dhéanfar dearmad go brách ar oíche an seachtú lá déag de Mhéan Fómhair 2004, ná an tseachtain dár gcionn, go ndéana Dia grásta ar na mairbh. Níor fhan muintir Charna ina gcónaí ach thugadar láimh chúnta don iarracht tarrthála agus chúitigh muintir Árann agus an Chloiginn ár saothar linn nuair a theastaigh sé. Go méadaí Dia a stór.

Ghlac daoine as chuile cheard den tír páirt sa Triathlón, ón gCloigeann go hÁrainn, ó Chorcaigh go Doire agus ón gClár go Baile Átha Cliath. Bhí ionadaíocht ag chuile chondae in Éirinn ag Triathlón Chonamara.

Chuir an tAire Éamon Ó Cuív, an tAire Stáit Frank Fahey, an Dornálaí Kevin McBride agus an Ceannfort Tony O'Dowd tús leis an Rása Mór nuair a chaitheadar iad féin i bhfarraige ar an Áird Mhóir – ócáid stairiúil spraoiúil inti féin! Bhí Héileacaptar na Sionna, Bád Tarrthála Árann, Garda Cósta Chasla agus na Gardaí Síochána (naonúr ar fad) i láthair. Chuir siad ar fad leis an lá.

'Sí an teistiméireacht agus an breithiúnas is fearr is féidir a thabhairt ar an Triathlón agus ar an deireadh seachtaine sin i mí Iúil seo caite, ná an méid a bhí le rá ag na hiomaitheoirí:-

*Thug sibh an-aire dhúinn. Caithfidh sibh é a eagrú arís – bhí sé iontach!*

Agus le cúnamh Dé agus Mhic Dara beidh Triathlón Chonamara 2006 ar siúl an samhraidh seo chugainn arís!


# ANNE DOWD

## *Gruagaire Charna*

**Mná, páistí agus fir**

*Seirbhís ghairmiúil den chéad scoth*

**Glaoigh ar**

**095-32277**

# John O'Brien

## AUCTIONEERS

**Market Street, Clifden**
**Tel: 095 22386 Fax 095 30929 Mobile: 087 237 9662**
**Email: info@obrien-auctioneers.com**
**Website: www.obrien-auctioneers.com**

*As Connemara's only network Auctioneers, ERA John O'Brien Auctioneers is ethical, forward thinking and results orientated, professional business ERA John O'Brien Auctioneers can advise clients on all aspects of legal, planning and tax implications.*

As an independent mortgage broker with access to 12 lenders, all types of mortgages can be arranged at lowest rates and with the minimum of fuss.

New Letting Department now open

ERA John O'Brien Auctioneers
Tel 095 22386 Fax 095 30929 Mb 087 2379662
info@obrien-auctioneers.com
www.obrien-auctioneers.com
www.eraireland.ie


CÉ THÚ FÉIN?
TG4
Súil Eile

10th ANNIVERSARY

MRI

Martin Ryan Institute
Institiúid Mhairtín Uí Riain

# Saotharlanna MRI Charna

Ag tacú leis an iascaireacht agus le feilméireachta na mara agus na gcladaí i gConamara leis an taighde atá dá dhéanamh againn i Muigh Inis i gCarna.

**Támid fíorbhuíoch den Fhóram, do Phobal Iorras Aithneach agus Údarás na Gaeltachta as ucht a gcuid tacaíocht do pleannana forbartha i Muigh Inis.**

# Naíolann Charna - leath an airgid ceadaithe

## Níl ciall ná réasún ag baint leis an gcinneadh seo

**Céard is féidir a dhéanamh le €600,000 nuair a theastaíonn a dhá oiread sin? Ní féidir tada a dhéanamh. Ach, is mar sin atá an Naíolann agus an Naíscoil nua atá ceaptha a bheith ar Eastáit Údarás na Gaeltachta i Ruisín na Mainíoch fágtha. Ní leis seo a bhí muid ag súil bliain go ham seo.**

Sul a dtabharfaidh muid cuntas ar stair an scéil b'fhéidir nár dhocar a mhíniú go mbeadh áit do ghasúir an-óg sa Naíolann (*Creche*) chomh maith le gasúir na Naíscoile. D'fhéadfadh gasúir fanacht ann freisin ar feadh scaitheamh théis na scoile tráthnóna. I nGaeilge a rithfi an áit agus bhéifí ag súil go gcuirfeadh an tseirbhís bunchloch níos láidre faoin teanga imeasc an aos óg sa taobh seo tíre. Lena chois sin, d'fheilfeadh a léithide de sheirbhís thar cionn do thuismitheoirí a bheadh ag obair nó imithe ón mbaile ar chruóganna eile.

Ar aon nós, bliain go ham seo …an 9ú Nollaig, 2005…chuaigh toscaireacht againn go Baile Átha Cliath agus chas muid leis an Aire Dlí agus Cirt, Michael McDowell agus d'iarr muid an t-airgead. Bhí an Teachta Dála, Noel Grealish in éineacht linn freisin. Thuig muid ag dul amach an doras dúinn go raibh fíor-sheans go deo ann go bhfaighfí €1.3m. - an suim airgid a bhí ag teastáil uainn.

### Ceisteanna le réiteach

Ansin, i rith an tsamhraidh seo caite, thuig muid nach raibh na dindiúirí uilig a bhain leis an gcás réitithe anseo ag baile agus bhí cruinithe ag grúpa againn le Bainisteoir Chomharchumann Chonamara Thiar, Criostóir Breathnach le súil agus go bhféadfaí roinnt rudaí a shocrú. Sé an Comharchumann a chur isteach ar an deontas le staidéar a dhéanamh ar fhorbairt na Naíolainne. Sé an Comharchumann a bhí ag réiteach an iarratais freisin.

Réitíodh na cúrsaí sin uilig agus bhí cruinniú ag grúpa againn le Conor Creaven - ionadaí an Stáit - i gCarna i mí Mheán Fómhair. Cuireadh na pleananna, na costaisí agus dindiúirí eile ar an mbord. Bhí Peadar Ó Maoláin as Údarás na Gaeltacht ansin freisin ag tacú leis an iarracht. Míníodh an cás go mion dó Chonor Creaven - cúrsaí airgid freisin. Seisean a chuirfeadh an moladh ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt.

Ceart go leor fógraíodh an deontas i ndeireadh na Samhna ach ní raibh molta ach €600,000 do Naíolann Charna. Cén áit a bhfaigheadh muid €600,000 eile? Sin í an cheist mhór? Nuair a bhí muid ag réiteach an Irisleabhair seo, bhí an Teachta Dála, Noel Grealish ag meabhrú don Aire McDowell nár bhfiú deich triuf €600,000 muna bhfaighí an t-airgead uilig. Níl a fhios cén deireadh a bheidh ar an scéal.

### Seo mar atá anois

- Tá an phlean don Naíolann réitithe agus cead iomlán pleanála faighte le haghaidh an bhuildeáil;
- Tá Údarás na Gaeltachta sásta an suíomh agus an bhunchloch a réiteach amach agus na seirbhísí ar nós uisce srl a chur ar fáil;
- Tá €600,000 fógraithe ag an Roinn Dlí agus Cirt ach teastaíonn a dhá oiread sin.

Dá bhféadfaí an t-airgead eile sin a fháil, bheadh cúrsaí ag breathnú go maith. Mar a tharlaíonn sé, tá a gcuid oifigí pobail ag Comharchumann Chonamara Thiar anois san Ionad Fiontair, ar leic an dorais ag an Naíolann - nuair a bheidh an Naíolann ann. Tá a chuid oifigí ansin freisin ag an mBainisteoir, Criostóir Breathnach. Siad an Comharchumann a chur na hiarratais i dtoll a chéile agus, ar ndóigh, glactar leis gur b'iad a bheadh ag riaradh agus ag rith na Naíolainne - is tráthúil gur ar an láthair céanna a shocraigh siad an oifig a bheith acu. Tá súil againn nach fada go mbeidh deis ag Criostóir le dhul i mbun na hoibre.

Anois, €600,000 - €700,000 eile ag teastáil - tá sin dlite don phobal seo.

# WARD AND BURKE

## *Conraitheoirí na Scéime Uisce do Chill Chiaráin/Carna/an Caiseal*

**Tá muid ag cur béim ar leith ar chúrsaí sábháilteachta agus muid i mbun na Scéime Uisce seo.**

**Beidh muid ag cuidiú le chuile scoil sa gceantar sa gcaoi agus go mbeidh éadach speisialta a tabharfaidh léargas ar ghasúir sa dorchadas ar fáil.**

**Beidh go leor oibre ar bun agus tá dorchadas an Gheimhreadh sa mullach orainn - cuirfeadh muid uilig béim ar shábháilteacht … .idir ghasúir agus daoine fásta.**

## SAFETY FIRST …AND SAFETY ALWAYS

***Let's all be safe while this Water Scheme is in progress.***

***Nollaig mhaith díbh uilig agus athbhlain faoi mhaise.***

## *Burke and Ward*

# *Scéalta anonn agus anall – 2005*

## Triúr as an gceantar i dToghchán Údaráis

**Bhí triúr as an bpobal ina n-iarrthóirí i dToghchán Údarás na Gaeltachta ar an 2ú Aibreán, 2005. Bhí an Comhairleoir Contae, Seosamh Ó Cuaig san iomaíocht mar Neamhspleach; bhí Colm Ó Ceannabháin ina iarrthóir ag Sinn Féin agus bhí Éamon Ó Malóid ann do Fhine Gael. Anois, má chomhaireann muid Trevor Ó Clochartaigh atá ina chónaí ar an gCeathrú Rua le scaitheamh maith anois – as an Áird Mhóir ó dhúchas dó – bhí ceathrar ann.**

Ar an gCéad Chomhaireamh, bhí na bhótaí seo leanas ag iarrthóirí an taobh seo:

**Ó Cuaig … … … … … … … 884**
**Ó Ceannabháin … … … … 457**
**Ó Malóid … … … … … … 285**

Bhí scór iarrthóir uilig ann. Cuireadh amach Éamon Ó Mealóid théis cúpla comhaireamh agus é fós gann ar 300 bhóta. Bhí Colm Ó Ceannabháin ann go dtí an ochtú Comhaireamh nuair a cuireadh amach é agus 550 bhóta aige. Toghadh Seosamh Ó Cuaig ar an 15ú Comhaireamh agus 2,011 aige. Ba san ord seo a toghadh an seisear ball i nGaeltacht na Gaillimhe ar an Údarás-

**Seán Ó Tuairisg** *(Fianna Fáil)*
**Seosamh Ó Cuaig** *(Neamhspléach)*
**Connie Ní Fhátharta** *(Fianna Fáil)*
**Séamus Breathnach** *(Fianna Fáil)*
**Val Hanley** *(Fianna Fáil)*
**Seán Creaven** *( Páirtí Daonlathach)*

Thug Trevor Ó Clochartaigh iarraidh mhaith faoi ach ní raibh a dhóthain aige sa deireadh. Chríochnaigh sé le 676.

### Bóthar stopaithe ag "Dúchas"

Ba mhaith an scéal é nuair a thosaigh Comhairle Contae na Gaillimhe ag díriú an bhóthair ag an gcasadh le taobh na locha i Seana na bPoll - leath bealaigh idir an Cnoc Buí agus Carna sa bhFeabhra. Ach, roimh dheireadh an Mhárta bhí "Dúchas" - nó an rannóg dúlra san Roinn Comhshaoil - ar an láthair agus cuireadh caidéis ar an obair. Shocraigh an Chomhairle Contae ansin go stopfaí an obair nó go ndéanfaí staidéar timpeallachta go bhfeicfí cén lorg a d'fhágfadh an obair ar an dúlra. Rinneadh an staidéar. Tosaíodh an obair aríst sa bhFómhar. Is mór is fiú nár tharla aon timpist ag an loch chun's bhí an mhoill seo ann.

### Cead pleanála diúltaíthe do 16 teach

Dhiúltaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe cead pleanála an Samhraidh seo caite do Bhúrcach - a raibh seoladh i dTuam aige - le 16 teach a thógáil amach ó thuaidh don áit a bhfuil an tithe dá dtógáil (gar do Tigh Gheraghty) faoi láthair. Tá an suíomh a bhí i gceist ag an mBúrcach gar go Tigh Mhann.

Dúradh nach raibh an áit cóiriúil le haghaidh córas séarachais agus dúradh freisin nach raibh Ráiteas iomlán Teanga istigh leis an iarratas.

Bhí cead imlíneach pleanála (*outline*) ar an suíomh roimhe seo agus tá an suíomh taobh istigh de "Cheantar Cónaithe" shráidbhaile Charna, freisin – agus bíonn deis níos fearr ar chead pleanála taobh istigh den teorainn sin.

# CCCTT (Co-op) Teo

***Comhar Chumann Pobal Bhunaithe***
***ag obair ar son Forbairt agus Feabhas ina Cheantar Feidhme***

**Camus • Ros Muc • Cill Chiaráin, • Aird Mhóir**
**Carna • Glinsce • Caiseal • Sraith Saileach**

*Beannachtaí na Nollag agus Bliain Nua faoi Mhaise*
*dar gcustaiméirí dar gcóistí agus fo-choistí dar bpáirtithe*
*agus don Pobal ar fad*

Áis Bainistíochta Buan do :
Mhaoin na scairshealbhóirí.
Mhaoin an Phobal
Scéimeanna Fostaíocht Pobal
Scéimeanna tacaíochta Stait
Pleanáil agus taighde ceantar
Curam shoisealta
Curam don óige agus Aosach

Comhar Chumann Chonamara Thiar Teo.
5A Ionad Fiontar, Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe.
Carna 095-32844/45-095-32802 fax., Ros muc 091-574966, Cill Chiaráin 095-33436/13 fax.
E-Post: cbcccctt@eircom.net

## Ag Siúlóid sa tSín

I mí Dheireadh Fómhair chuaigh triúr ban agus fear as an gceantar don tSín. Ní turas saoire a bhí ann; bhí Ann Marie Ní Fhlatharta, Eilís Ní Mhaoláin (as an Ard Mhóir an bheirt) Paula Ní Chualáin (Carna agus Corcaigh) agus Seán Foley as Muighros ag cruinniú airgid le haghaidh daoine bochta i Sierra Leone san Afraic. Sí an eagraíocht *Concern* a d'eagraigh an tSiúlóid.

Bhí na coisithe ag siúl ar feadh 6 lá agus iad ag déanamh 15km. sa ló, ar a laghad. Shiúil siad píosaí móra don bhealach ar Sconsa Mór na Síne – the Great Wall of China. Obair chrua a bhí inti.

Ach, bhí go leor obair chrua déanta ag na coisithe sul ar leag siad cois ar bith ar thalamh agus ar Sconsa na Síne. Bhí orthu €4,500 a chruinniú sul ar fhág siad Éirinn …agus tá cruinniú mór ar an méid sin.

Tógfar dhá scoil i Sierra Leone as an airgead a bailíodh ar Shiúlóid na Síne.

## Bagairt ar phostanna

Chualathas caint i mbliana go bhféadfadh postanna a bheith i mbaol in Ionad ISPG – an comhlucht díolacháin bradán – i gCill Chiaráin. Tá an bhagairt seo ann de bharr an lagan atá tagtha ar an bhfeilméireacht bradán. Beidh chuile dhuine ag súil go dtiocfaidh feabhas ar na cúrsaí sin.

## Scéim Tithe ar phraghas réasúnach

Tá 17 teach le tógáil san Scéim Tithe seo amach ar aghaidh an t-sean Chlochair (*Convent*) ar thaobh Siopa Dowd don bhóthar. Is fada é Fóram Iorras Aithneach ag iarraidh go dtógfaí scéim mar seo i gCarna agus sé an Fóram a rinne na chéad shocruithe faoin suíomh seo.

Thug an Chomhairle Contae cúpla gealltanas go dtosnófaí an obair thógála ar an scéim seo i 2005; níor tharla sin. Ach is cosúil nach fada uainn anois.

Tá sé ráite ag Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil an obair ar thógáil na dtithe tairgíthe acu do Jackie Dowd, conraitheoir tógála as Carna. Ar ndóigh thóg Jackie cuid de na tithe Comhairle Contae ag ceann thiar an bhaile freisin – Garraí an tSagairt. Bhí baint mhór ag an bhFóram freisin le forbairt na scéime sin.

Is deacair a rá fós cén praghas go barainneach a bheidh ar na tithe ar "phraghas réasúnach" atá le tógáil thoir ag Tigh Dowd. Go hiondúil, bíonn tuairim's €130,000 ar thithe mar seo ach ní bheidh a fhios go cruinn é nó go mbeidh an scéim tógtha.


# Mannion Aird Solicitors

## DLÍODÓIRÍ

An Clochán, Conamara
095-21411

*Nollaig mhaith agus athbhliain mhaith do chuile dhuine.*

*Go n-éirí le Irisleabhar Iorras Aithneach.*

# Séamus Breathnach



**COMHAIRLEOIR CONTAE**
**agus**
**BALL TOFA AR ÚDARÁS NA GAELTACHTA**

## Fear Chonamara ag obair do mhuintir Chonamara

*"Má tá mé ag teastáil am ar bith glaoigh orm.*
*Bíodh Nollaig mhaith agaibh i gCarna, i gCill Chiaráin agus ar fud Chonamara.*
*Dia libh uilig"*

**Séamus Breathnach**

**Seoladh:** An Gleann, Uachtar Ard, Conamara.
**Teileafón:** 091-552726

# Airgead geallta ag Údarás na Gaeltachta le haghaidh talamh an "Lab"

**D'fhógair Príomh Fheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Pádraig Ó hAoláin le gairid go bhfuil os cionn €4m. ceadaithe ag an Údarás le obair a dhéanamh ar an talamh atá ag Ollscoil na hÉireann (Gaillimh) in aice leis an Saotharlann Mara, nó an "Lab" i Muighinis. Tá 40 acra uilig ann agus dúirt údaráis na hOllscoile go bhfuil siad sásta an talamh sin a thabhairt ar cíos/léas fad-théarmach. Bhí cainteanna ann i rith na bliana faoi seo.**

Nuair a réitíodh Plean Forbartha na Gaillimhe 2003-2009 socraíodh go mbeadh aitheantas ag an talamh seo mar shuíomh forbartha gnó/tionscail. B'shin rud fíor-thábhachtach agus chuidigh Fóram Iorras Aithneach leis an iarracht sin nuair a chur siad moltaí isteach chuig an gComhairle Contae.

Mar sin, céard a bheidh ag tarlú ann?

## Plean ar pháipéar

Tá plean ar pháipéar go dtógfaí roinnt ionaid le súil agus go dtosnódh seirbhísí/tionscail iontu a bheadh bunaithe ar obair na mara. Ní monarchana ná ionaid mhóra atá i gceist – bhéifí ag súil gur tionscail a mbeadh ard theicneolaíocht agus bealaí nua ag baint leo a bheadh i gceist. Mar sin atáthar dá shamhlú faoi láthair.

Anois, bheadh €1.8m. d'airgead an Údaráis dá chaitheamh ar réiteach na háite. Réiteofaí 5 shuíomh agus chuirfí uisce, córas séarachais, sreangáin leictreachais srl isteach ann. Chaithfí €2.5m. eile do airgead an Údaráis ar thógáil an chéad ionaid acu – sin é an tús. Cén uair a tharlóidh sé? Sin ceann de na ceisteanna móra i gcónaí. Bíonn pleananna ar pháipéar go minic…bíonn airgead geallta srl …ach an obair dháiríre…céard faoi sin?

Bhuel, i dtosach, chaithfeadh pleananna a bheith réitithe le haghaidh na háite agus le haghaidh na mbuildeálacha. Ansin chaithfí cead pleanála a fháil. Tógann sé seo uilig scaitheamh, fiú agus dá rachfaí ina chionn ar maidin amárach. Ansin, ach a mbeidh an cead pleanála faighte – agus níor cheart go mbeadh aon deacracht mhór ann de bharr an aitheantais atá ag an suíomh sa bPlean Contae – chaithfí a dhul sa tóir ar chonraitheoirí tógála. Bheadh muide sa bpobal ag súil go mbéifí ag tosnú gan mhoill agus nach mbeadh aon bhearnaí móra ama ann.

Ach, ansin agus foirgneamh tógtha – suíomh réitithe srl. an mbeidh tionscail ann, roinnt daoine ag obair ann agus é ina bhuntáiste don phobal agus don Ollscoil?

## Torthaí dháiríre?

De bharr an lagan atá tagtha ar chúrsaí oibre, droch bhóithre, laghdú ar an líon daoine óga sa bpobal agus mar sin de, ní hiontas é go bhfuil muide anseo roinnt amhrasach nó go bhfeicfidh muid na torthaí, dháiríre. Ach, san am chéanna, tá moladh ag dul do Údarás na Gaeltacht agus don Ollscoil as ucht coinneáil leis an bplean seo. Beidh muid uilig ag súil go dtiocfaidh rath ar an bplean ar thailte an "Lab" amach anseo…is géar a theastaíonn sé thart anseo anois.

# Conradh na Gaeilge

**Ranganna Gaeilge do dhaoine óga & daoine fásta**
**Teastas Eorpach na Gaeilge ar fáil anois**

**Seachtain na Gaeilge 4 - 17 Márta 2006**

**Campaí Samhraidh Gaeilge**

**Ceardlanna, Seoltaí & Taispeántais Chultúrtha**

**Seirbhisí Oifige**

**"Blúiriní Eolais" Galway Bay FM 96.8FM**
**Gach maidin Shathairn ón 8.00-9.00r.n**

**Seirbhís Áistriúcháin**

**Féilte áitiúla & imeachtaí Sóisíalta**

Gach eolas ar fáil ó Árus na nGael, 45 Sráid Doiminic, Gaillimh
Guthán: 091 567824 Facs:091 563699
conradh@bradan.iol.ie www.cnag.ie



# Club Árus na nGael



45 Sráid Doiminic, Gaillimh.
(091) 567824

## Imeachtaí an Chlub:

**Dé Luain**
**Rince ar an Sean-Nós le Pádraic Ó hOibicín**

**Dé Máirt**
**Mórchomórtas Thráth na gCeist, €1000 chéad duais!**



**Dé Céadaoin**
**Oíche do Fhoghlaimeoirí Gaeilge**

**Déardaoin**
**Oíche na Micléinn & Club Leabhar Gaeilge**

**Dé hAoine**
***Oa2:*** **Club Ceoil Domhanda le d.janna éagsúla**



**Dé Sathairn**
**Seisiún Ceoil Traidisiúnta den scoth!**

***"Sásaigh an tart san áit cheart"***

# Sonny McDonagh
# – polaiteoir cáiliúil Bhoston

## *Mac dearthára leis "An Seaimpín" i Ruisín na Mainíoch*

**le Máirtín Ó Catháin**

**Thug an tUachtarán John F. Kennedy teachtaireacht phráinneach as an Oval Office sa Teach Bán i Washington. "Fáighigí Sonny McDonagh i mBoston dom ar líne teileafóin. Tá mé ag iarraidh a chomhairle go práinneach." Ní raibh teileafóin póca ann san am. Ach, ba treoir a bhí inti seo ó bhord an Uachtaráin. Leis an scéal fada a ghiortú, fuarthas Sonny ar chúrsa gailf gar do Bhoston agus rinneadh réiteach láithreach go mbeadh comhrá aige le Uachtarán Mheiriceá ar an teileafón as oifig an Chúrsa Gailf.**



**Sa bpictiúr seo tógadh i mBoston ar La'l Pádraig, 1971, sé Sonny McDonagh an fear ar thaobh na láimhe clé agus é ag bualadh bos. As sin ó chlé tá: Kevin Harrington, Uachtarán an tSeanaid Stáit; Gobharnóir Mhassachusetts, Frank Sargent, an Seanadóir William Bulger agus Ray Flynn, iar Mhéara ar Bhoston.**



**Clainne Ac 'Dhonnchadha i mBoston i 1932**

**An líne cúil - ó chlé: Thomas McDonagh, Daniel Martin (pósta chuig iníon leo), Mae McDonagh, Sonny McDonagh (an polaiteoir), Henry Popp (pósta chuig iníon eile leo), James McDonagh.**
**An líne láir: Margaret McDonagh, Honora McDonagh (bean Tom Shéamuis), Tom McDonagh (Tom Shéamuis - deartháir an tSeaimpín), Katherine McDonagh, iníon eile.**
**Chun tosaigh ar chlé tá iníon eile, Nora McDonagh agus chun tosaigh ar dheis iníon eile - Mary. Tá roinnt den ghar chlann sa líne tosaigh freisin agus ina measc tá Betty, an dara duine ó chlé sa líne tosaigh. Tá cónaí uirthi i Cambridge, Mass anois agus sí a thug dúinn na pictiúir seo.**

Bhí Sonny McDonagh ar dhuine de na polaiteoirí ba mhó a raibh cáil air i mBoston ar feadh cuid mhaith de dhá scór bliain. Bhí sé tofa i bpost pholaitíochta éicint sa gcathair agus sa Stát i gcaitheamh an ama sin – idir a bheith ina Fheisire Páirliminte i Massachusetts, ina Chathaoirleach ar Chomhairle an Ghobharnóra Stáit agus dualgaisí eile. Lena chois sin uilig, glacadh leis go raibh aithne aige ar íseal agus uasal agus gur thuig sé polaitíocht an cheantair sin ó bhun go barr.

Dá mbeadh athair Sonny fanta ina bhaile dúchais- Rúisín na Mainíoch i gCarna – bheadh aithne ar Sonny McDonagh mar “Sonny Tom Shéamuis”. Ba é Tom Shéamuis a athair – deartháir le Michael Shéamuis, nó “An Seaimpín” mar a tugadh ar Mhichael ariamh. Dá réir sin, ba é “An Seaimpín” uncail Sonny McDonagh. Ba col ceathrachaí iad Sonny McDonagh agus Michael an tSeaimpín, Seán an tSeaimpín agus an dream sin uilig.

Tá an scéal faoin Uachtarán Ó Cinnéide a bheith sa tóir go práinneach ar Sonny Mc Donagh insithe ina leabhar féin ag Tip O’Neill, duine de na polaiteoirí ba chumhachtaigh i Washington sna 1970óidí agus na 1980óidí. Is maith a thuig Tip O’Neill cén fáth a raibh an tUachtarán ag iarraidh labhairt le Sonny – má thuig duine ar bith cén dearcadh a bheadh i mBoston ar ghníomh éicint a bhí ar intinn ag John F Kennedy i Massachusetts, ba é Sonny é.

## “Larger than life”

Bhí an cháil ar Sonny go raibh sé géimiúil agus greannmhar agus an diablaíocht fite fuaite ina chroí. “Larger than life character” a dúirt na daoine a raibh aithne acu air agus tá cuid acu ann go láidir i gcónaí. Tá an cur síos seo ag an bpolaiteoir mór le rá as Massachusetts, William Bulger ar Sonny ina leabhar “While the Music Lasts”. Mar seo a scríobh sé: “Sonny, barrell shaped and usually jolly, had a whipsaw temper. He was muscular and tough. *Once in a private confrontation, when the Iron Duke - Speaker of Parliament, John Thompson - made a menacing gesture, Sonny picked up the larger man and casually tossed him over a table. But Sonny was rarely physical. He did’nt have to be. He had a quick laugh, a quicker mind and an acid tongue. Few could stand up to him in a no-holds-barred debate. Absolutely no one intimidated him.”*

Thug Sonny iarraidh faoi phost an Mhéara i mBoston i dtús an 1950aidí agus cé a bheadh ina aghaidh ach James Michael Curley. Ba as Uachtar Ard iad muintir Churley agus bhí a cháil i bhfad sa ngearr – agus tá go dtí an lá inniu – de bharr a chumas cainte agus an bealach a bhí leis. Bhí Curley théis píosa a bheith déanta aige sa bpríosún roimh an toghchán sin agus uimhir oifigiúil príosúin faighte aige faoin gcóras dlí. San toghchán, bhí ainm Sonny McDonagh tugtha go hoifigiúil ar na páipéir fógraíochta, sin Patrick J. “Sonny” McDonagh. Ag ócáid phoiblí thug Curley sáiteán dó: “Well, I see Sonny that you have taken a new name for the election”, arsa Curley, agus chur sé scairt as. “Well, maybe so James”, adeir Sonny “but I certainly haven’t taken a new number!”

Ba i mBoston agus i Massachusetts, ceann de na háiteacha ba ghéire sa saol ó




**Uachtarán Stáit Aontaithe Mheiriceá, John Fitzgerald Kennedy. Theastaigh comhairle mhac dearthára an tSeaimpín uaidh, go práinneach.**

# Galway Glass Centre

Design ■ Supply ■ Fit

- Design glass / colour glass
- Bars / Restaurants / Hotels
- Burglary Repairs
- Temporary 'boarding up' service
- Leaded glass / sandblasted glass
- Laminated & toughened safety glass
- Fire glass
- Shop Fronts

*Visit our new showroom at:*

**Briarhill Business Park, Briarhill, Galway.**

**T: 091 770088 F: 091 751432**



# NOEL GREALISH T.D.

**OIFIG TOGHCHEANTAIR**

**BRIARHILL BUSINESS PARK**
**BRIARHILL**
**GAILLIMH**
**T: 091 764807**
**F: 091 764974**
**E: noel.grealish@oireachtas.ie**

PROGRESSIVE DEMOCRATS
an páirtí daonlathach



thaobh na polaitíochta de, a chleacht Sonny McDonagh an cheird. Ach, níor chuir a chol ceathrar as Ruisín na Mainíoch, Michael an tSeaimpín a ghaol amú leis, is cosúil, mar atá mínithe ag Seosamh Ó Cuaig sa bpíosa atá scríofa aige féin san Irisleabhar seo.

## "When I saw Michael, I saw Sonny"

Sa gcur síos atá ar Sonny McDonagh – col ceathrar Mhichael an tSeaimpín – ag iriseoirí a chonaic é i mbarr a mhaitheasa, tá sé ráite gur fear, dea-dhéanta, teann, láidir a bhí ann agus dhá láimh ar chomh mór le sluaiste. Déarfá an rud céanna faoi Mhichael an tSeaimpín.

"When I saw Michael, I saw Sonny", adeir iníon dearthára le Sonny nuair a thug sí cuairt ar Ruisín na Mainíoch i 1990. 'Sí Betty McLoughlin an bhean sin agus tá cónaí uirthi anois i Cambridge in aice le Boston. Sise a thug na pictiúir dúinn freisin.

Tá cuimhne aice freisin ar a hathair mór – Tom Shéamuis, athair Sonny McDonagh. "He and I were great pals when I was a little girl", adeir Betty. "He lived in an upstair's apartment and when I gave trouble, and my mother was on the warpath, I would race up and hide behind his chair."

"Black" Tom a tugtaí ar Tom Shéamuis – de bharr an chraicinn chrua, láidir a bhí ar. Bhí an-tóir aige ar bháid, adeir Betty. Rinne sé bád thíos staighre i mBoston uair amháin - thíos sa siléar- ach nuair a thriáil siad i a thabhairt amach, ní raibh an doras sách mór! "I guess, Tom found a way out of that too", adeir Betty. "He was full of devilment and tricks."

Bhí bád ag Sonny McDonagh é féin. Thíos i mbaile Scituate a bhí an bád ar ancaire, Yacht 40 troigh. "Galway Bay" an t-ainm a bhí aige uirthi. Bhí teach aige ansin freisin. Fear saibhir a bhí ann. D'fhág sé an scoil óg le airgead a shaothrú le cuidiú leis an teaghlach. Thosaigh sé amach ag díol beorach i South Boston san áit a raibh muintir Mhic Dhonnchadha lonnaithe. Thosaigh sé a chomhlucht féin ina dhiaidh sin agus bhí chúig shiopa aige. Chuaigh sé ag plé le cúrsaí árachais agus le comluchtaí tógála i Massachussetts agus i Florida freisin. Bhí roinnt tithe aige féin i Florida, i Dorchester agus i Scituate - thíos le cósta.

Bhí cuimse cáirde aige - ina measc an tUachtarán Harry Truman agus lucht stáitse ar nós Bing Crosby, Bob Hope agus Jimmy Durante…ach bhí sé chomh cáirdiúil céanna le tiománaithe tacsaí agus gnáth oibrithe Bhoston.

Bhí bealach gealgháireach, éadromchríoch leis – "gregarious" adeir na tuairiscí oifigiúla – ach bhí sé ábalta lena chois sin. Bhíodh na páipéir nuachta ag faire air freisin …"but they never found anything on him despite their best efforts", adeir Betty McLoughlin.

## Comhairle ar John F. Kennedy

Níl a fhios againn cén chomhairle a chur Sonny ar John F Kennedy nuair a ghlaoigh sé air as an Teach Bán i dtús na seascaidí. Ach, tá a fhios againn cén chomhairle a chur Sonny ar an bpolaiteoir óg, John F. Kennedy i mBoston nuair a thosaigh sé amach sa bpolaitíocht…agus é ag cur chomhairle air faoi imeachtaí i Washington. Déantar cur síos ar seo i leabhair a scríobh Dave Powers agus Kenny O'Brien, beirt de chomhghleacaithe agus chomhairleoirí Khennedy sa Teach Bán. "Sonny said to JFK – ' follow the advice of John McCormack (polaiteoir mór de chuid South Boston), whatever McCormack does, you do. Follow in his footsteps. Look Jack, marry John McCormack if you have to!'

Is cosúil gur bhain an chaint seo geit as Kennedy agus gur theann sé siar beagán ó Sonny. Ach, d'fhoghlaim sé in imeacht na mblianta gur bhfiú cluais a thabhairt do Sonny – agus go raibh firinne fite fuaite sa diabhlaíocht. Bhí sin tuigthe go maith ag Kennedy nuair a ghlaoigh sé ar as an White House.

Ba é Tom Shéamuis as Ruisín na Mainíoch athair Sonny McDonagh – deartháir "An tSeaimpín". Ba as Cill Rónáin a mháthair, Nóra Seoige.

Fear é a bhí suas agus anuas le cuid de na polaiteoirí ba chumhachtaigh sa saol. Ach, bhí bealaí eile leis freisin – d'inis Betty McLoughlin dúinn go dtógfadh sé bróga sneachta as an teach leis nuair a bhíodh sé ag díol beorach agus go dtugadh sé na bróga do ghasúir nach raibh bróga maith acu sa nGeimhradh crua. Ansin, thagadh sé ar ais le airgead aríst le péire nua a cheannacht don t'é a raibh na bróga sneachta goidthe uathu.

"He was the sort of politician the Irish needed in this country in his time", adeir Betty McLoughlin.

Cailleadh Sonny i 1980 agus tá sé curtha i mbaile mór Scituate ar bhruach na mara san áit a raibh a bhád "The Galway Bay" ar ancaire aige in imeacht na mblianta.

Fear a d'fhág lorg a chos ar stair na polaitíochta i mBoston agus i Massachusetts. Ba as Ruisín na Mainíoch a athair, Tom agus ba é "An Seaimpín" (Michael Shéamuis) uncail Sonny McDonagh.

Ba col ceathrachaí do Sonny iad Seán agus Michael a' tSeaimpín.

# FÁS

**• AG CUR OILIÚNA AR OIBRITHE AN IARTHAIR •**

**FÁS** – Cearnóg na hArdeaglaise, Gaillimh.


Teileafón : 091-534400
Faics : 091-562718

*Nollaig shona*
*agus go n-éirí an bhliain nua libh uilig*

STATOIL

# SWEENEY OIL

- We serve all of County Galway with Home Heating Oil, Domestic, Agricultural, Marine Fuel and Lubricating Oil.




ORDER YOUR HOME HEATING OIL TODAY!

**Free Phone: 1800 200 308**

**Order online: www.statoilheating.com**

# Níor chuir Michael a' tSeaimpín a ghaol amú le Sonny!

**An Comhairleoir Contae Seosamh Ó Cuaig**

**I lár feachtais toghcháin a bhí muid nuair a tháinig Michael a'tSeaimpín aníos an geata. Thagadh sé ar cuairt go minic, go háithrid nuair a bhíodh cúpla gáilleog ólta aige. Bhí crúiscín nó dhó sa gcoiricín aige an iarraidh seo freisin ach má bhí féin bhí sé os cionn a bhuille go maith agus b'fhurasta aithne go raibh fuadar faoi.**

Ní raibh sé ach taobh istigh den doras nuair a chuir sé an cheist. "Cá mbeidh tú ag gabhail amárach?" a d'fhiafraigh sé. " Go hÁrainn, a Mhichael," a deirimse. Rinne sé an racht gáirí sin a bhí aige. "*Yep*," a deir sé, " beidh mise in éineacht leat."

Thuig mé ar an bpointe go mbeadh deacracht sa scéal. Le lomchlár na fírinne a dhéanamh ba é an chéad smaoineamh a tháinig imo cheann gur lá amach a bhí ó Mhichael agus gur fánach an imní a chuirfeadh ceanbheasáil air nuair a gheobhfadh sé a dhá chois istigh i gCill Rónáin. Ach thairis sin féin bhí rud eile ann. Ar eitleán beag a bhí mise le ghabhail go hÁrainn. Rinne Michael gáire níos croíúla fós. " Diabhal níos fearr," a deir sé, "*Yep*, gabhfaidh mise ar an bplane freisin."

Mhínigh mé dhó go mbeadh sé sin iontach ach nach bhféadfaí é a dhéanamh. Ag cara le Michael D. Higgins a bhí an *plane* beag (bhí olltoghchán i gceist). Bheadh Mick Lally in éineacht leis - Miley as Glenroe. Dhéanfadh Mick roinnt oibre istigh dhomsa freisin ach ní bheadh spás san eitleán beag ach don triúr againn agus don fhear a bheadh á tiomáint.

"Cén dochar," a deir Michael, "gabhfaidh mise isteach ar an mbád. Fág i Ros a'Mhíl ar maidin mé agus beidh mé istigh romhat."

Rinne mé amhlaidh ar maidin, bhuail mé bóthar ansin go dtí an t-eitleán beag ar an gCarn Mór. Níorbh fhada ina dhiaidh go raibh mé féin, Michael D. agus Miley i gCill Rónáin. Chuaigh muid ar thuairisc Mhichael a' tSeaimpín. Ní mórán cuartú a bhí ag teastáil. Istigh san American Bar a bhí sé, é leath bealaigh síos i bpionta pórtair, ceann eile líonta amach ar a aghaidh agus triúr nó ceathrar thimpeall air, ag diabhlaíocht agus ag sárú air, agus ag plé chúrsaí an tsaoil.



**An Comhairleoir Contae, Seosamh Ó Cuaig. Rinne col ceathrar Sonny McDonagh - Michael an tSeaimpín - lá maith ceanbhasála dó in Árainn.**

Tosaíodh ag caint ar ghreim le n-ithe. Bhí *mangach* ar an menu. D'fhiafraigh mé de Mhichael an mbeadh suim aige ann. "*Yep*," a deir sé, "diabhal níos fearr."

Lá breá gréine a bhí ann agus taobh amuigh den bhialann a chuaigh muid ag ithe. Thug Michael amach na piontaí pórtair. Anois agus aríst bhreathnaíodh sé suas ón bpláta agus nuair a d'fheicfeadh sé Michael D. agus Miley amach ar a aghaidh ag cangailt na mangach bhuaileadh racht mór eile gáirí é.

D'fhág muid san American Bar é agus thug muid ár n-aghaidh ar an eitleán beag agus ar an dá oileán eile. "Ná bíodh deifir ar bith go Ros a'Mhíl ort roimh an mbád tráthnóna," a dúirt sé. "Tigh Terry a bheas mise. Am ar bith go ham dúinte beidh tú sách luath." Bhreathnaigh sé idir an dá shúil orm ansin agus meanga air. "Fág agam slám de na bailéid sin atá agat," a dúirt sé. "Déanfaidh mise neart ceanbheasála siar an t-oileán ar ball. Tabharfaidh mé bailéad acu sin do chuile dhuine a chasfar dhom."

Deireanach go maith a thug mé abhaile as Tigh Terry go Roisín na Maithníoch é an oíche sin. Bhí sé breá súgach anois agus scéal a raibh craiceann air le n-inseacht aige dhom ar an mbealach anoir. "*Yep*," a deir sé, "gabhfaidh tú isteach siúráilte. Tá an-*time* acu dhuit. Ar bhicycle a chuaigh mé siar an t-oileán. Dúirt fear sa mbeár liom go raibh ceann acu le fáil ar £3 sa ló. *Yep*, a deirimse, agus amach liom. Bhí na bailéid a'm agus chuile dhuine a castaí dhom d'fhiafraínn díobh an raibh aon bheithíoch le díol acu? Nuair a thosaídís ag caint shíninn chucu an bailéad agus d'fhiafraínn díobh an aithneoidís an pictiúr sin?"

Dhéanadh sé gáire eile ag cuimhniú air.

Fear mór áibhéile a bhí i Michael a' tSeaimpín agus níor chreid mé focal de. Míorúilt a bheadh ann dá gcorrófá amach as Cill Rónáin agus chomh socraithe agus a bhí tú ann ar maidin, a deirimse i m'intinn féin.

Dhá lá ina dhiaidh sin bhí mé istigh i nGaillimh. Casadh fear as Inis Mór orm. "Á, a dhiabhail," a dúirt sé, "Bhí an-fhear istigh a'd an lá cheana. Sin é an fear a bhí dílis dá ghraithe, siar an t-oileán ar bhicycle ag bualadh bleid chainte ar chuile dhuine a casadh dhó agus ag síneadh do phictiúir chucu."

Ní raibh a fhios agam an lá sin go mba chol ceathrar é Michael a' tSeaimpín do Sonny Mc Donagh, polaiteoir tábhachtach Bhoston - fear a d'oibrigh don Uachtarán John F. Kennedy.

Nach hiontach go deo an chaoi a ritheann mianach i ndaoine!

## Lá a thug ardú croí don phobal – sa mbaile agus thar sáile

# Cluiche Ceannais Peile na Gaillimhe, 2005

**Beidh cuimhne i gCarna, i gCill Chiaráin agus ar an gCaiseal ar feadh i bhfad ar thus mhí Dheireadh Fómhair 2005 agus an réiteach do chluiche ceannais sinsir peile na Gaillimhe. Ní bheadh Carna/Caiseal comhairithe ar cheann de na foirne láidre i dtús an Chraobh Chomórtais i nGaillimh agus bhí droch thús acu freisin. Ach, rinne siad a mbealach de réir a chéile. Bhuail siad Réalta Thuama ar an mbealach – ceann de chumainn mhóra na Gaillimhe. Ansin, sa gcluiche leathcheannais, chloigh siad Gleann na Mada. Bhí Carna i gcluiche ceannais peile chontae na Gaillimhe. Ba iad Bóthar na Trá a bhí ina n-aghaidh.**

Bhí an-bharúil do Bhóthar na Trá. Bhí Cealltrach, foireann a bhuaigh Craobh na hÉireann cúpla bliain roimhe sin buailte acu sa gcluiche leathcheannais. Dúirt scríbhneoir amháin go mbeadh bua an-éasca ag fir na cathrach ….bhuel, leis an bhfirinne a rá bhí peileadóirí as go leor áiteacha ag Bóthar na Trá. Bhí leithide Maurice Sheridan, peileadóir contae as Muigheo, Alan Kerin's as Creachmhaoil, Michael Donnellan as an Dún Mór, Gordon Morley … a d'imir do Mhuigheo … Finian Hanley - lán chúlaí na Gaillimhe - agus go leor eile acu. Bhí siad inann chúig feara déag a ainmniú sna fir ionaid!

Cá mbeadh Carna ag dul, adeir go cuid de na "saineolaithe"!

Bhuel, níor chur an chaint sin drogal ar mhuintir an phobail seo, cé go rabhthas ag admhachtáil go raibh muid ag snámh in aghaidh na tuille.

Crochadh na flaganna agus réitíodh na tinte cnámh. Tháinig daoine abhaile as Meiriceá le haghaidh an chluiche. Cluineadh an gháir …."Carna, Carna, Carna, Carna … sna spéartha os cionn Pháirc an Phiarsaigh i nGaillimh.

Ní bhacfaidh muid le cuntas mion ar an gcluiche anseo; tá sin déanta ag na saineolaithe. Ach, is beag nach raibh scéala eile le n-inseacht acu. Chuaigh Carna/Caiseal pointe chun cinn agus deich nóiméad fanta sa gcluiche. Ceart go leor, fuair Bóthar na Trá na 4 phoinnte as a chéile ansin – ceann acu díreach ar shéideadh na feadóige. Ach, dá mbeadh cúpla pas gaibhte san áit a raibh siad ceaptha a dhul – rinneadh cosaint chróga imeasc chúlaithe Bhóthar na Trá freisin – sna deich nóiméadaí deireannacha sin, is go Carna a bheadh Corn an Chontae ag teacht an oíche Dhomhnaigh sin.

Ach, bhí chuile dhuine bródúil as an iarracht a rinne Carna/Caiseal.

Faraíor, ag teannamh le deireadh na bliana, chaill Carna an stadas a bhí acu sna sinsir – droch iara Anois, tá siad ar ais sa rannóg Idirmheánach aríst. Ach, chruthaigh siad le blianta beaga anuas go raibh siad inann a dhul 50/50 leis na fóirne is fearr i nGaillimh.

An dtiocfaidh siad ar ais sna sinsir? Tá a fhios ag an fhoireann féin go mbeidh sé deacair – ach bhí sé deacair cheanna freisin.

Fair play dhibh a lads …agus fair play don fhoireann bhainistíochta freisin.

### An scór sa deireadh

| | |
|---|---|
| Bóthar na Trá | 0-11 |
| Carna/Caiseal | 2-2 |

# Spóirt





1 Lán chúlaí Charna, Val Ó Féinneadha. Bhí Val ag imirt ar fhoireann sinsir na Gaillimhe sa tSraith Chomórtas agus sa gCraobh i mbliana.

2 "You can run but you can't hide from Éamon Ó Cuív!" Kevin Mc Bride, an fear a chriog Mike Tyson agus an tAire Éamon Ó Cuív sna sála aige ar Thrá na nAirde Móire ag Triathlón Chonamara.

3 Ócáid stairiúil – Micheál Ó Clochartaigh, caiptín Charna/an Chaisil ag teacht amach doras an tseomra feistis agus foireann Charna ina dhiaidh ag dul chun páirce i gcluiche ceannais an Chontae, 2005.

4 An dubh agus an buí ar foluain i bPáirc an Phiarsaigh i nGaillimh – lucht tacaíochta Charna.





# Lá an Chluiche Ceannais

## – *ar an bPáirc agus ar an taobhlíne*





















1 Mná Iorras Aithneach a shiúil os cionn 100 cilomeadar sa tSín ar mhaithe le dhá scoil a thógáil do ghasúir bhochta i Sierra Leone san Afraic. An eagraíocht Concern a d'eagraigh an tSiúlóid. Sa pictiúr seo ó chlé: Ann Marie Ní Fhlatharta (an Aird Mhóir), Paula Ní Chualáin (Carna agus Corcaigh), Eilís Ní Mhaoláin (an Aird Mhóir).

2 Seán Foley as Muighros a bhí ar Shiúlóid na Síne.

3 Ó chlé: Evan Mac Donnchadha, Bairbre Ní Shúilleabháin agus Rosario Ní Shúilleabháin – máthair Evan. Tógadh an pictiúr i mí Dheireadh Fómhair nuair a bronnadh céim san Eolaíocht ar Bhairbre (as Loch Con Aortha) in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

4 Rinne Ann Marie Ní Fhlatharta, Paula Ní Chualáin agus Eilís Ní Mhaoláin píosa mór siúil sa tSín i mí Dheireadh Fómhair. Seo grúpa gasúr Síneach a casadh orthu agus iad ar an turas.

5 Ócáid na Debs ar an 14ú Iúil. Billy Joe Lyons as an gCoillín agus Máirín Ní Chonghaile as Carna.

6 Neasa Ní Chuaig agus Colm Ó Conghaile ar shráid Tigh Mhóráin agus iad réitithe amach ag dul chuig na Debs.

# Sléibhteoirí, Damhseoirí agus laoch Mhuigheo






↑ Laoch peile Mhuigheo, Kieran McDonald agus é ag obair ar scéim uisce Chill Chiaráin/Charna i mí na Samhna. Tógadh an pictiúr i gCloch na Rón. Bhí Kieran díreach théis filleadh as an Astráil, áit a raibh sé ag imirt do Éirinn in aghaidh peileadóirí na hAstráile. Ach, i gCill Chiaráin agus i gCarna, tá Kieran ag cartadh draentacha agus ag tiomáint meaisíní … an-fhear agus an-oibrí.

← Pádraig Ó Dubháin ar chlé agus a dheartháir Gearóid Ó Dubháin agus a gcuid cupáin acu théis an Oireachtais. Fuair Pádraig an chéad áit ag an Oireachtas agus an chéad áit i Rath Cairn sa Damhsa ar an Sean Nós faoi-18. Seo í an tríú bliain as a chéile an tOireachtas buaite ag Pádraig. Fuair Gearóid an dara háit i Rath Cairn i mí na Samhna agus fuair sé an chéad áit ar an gCeathrú Rua i gcomórtas an Phléaráca i mí Dheireadh Fómhair. Fuair sé an chéad áit i Rath Cairn bliain ó shoin freisin.

Muintir Mhaoláin as an Aird Mhóir ag dreapadóireacht ar an Eiger san Eilbhéis i mbliana. Ó chlé: Joe (ina shuí síos), Tom agus Seán. ↓



# An Tánáiste sa Teach Altranais






















1 Thug an Tánaiste agus Aire Sláinte, Mary Harney cuairt ar Theach Altranais Charna (an *Nursing Home*) i mí na Bealtaine, 2005. Comhrá anseo idir an Tanáiste agus an Dr. Micheál Ó Cathasaigh.

2 An Tánaiste i gcuideachta na nAltraí a bhí ar dualgas san Teach Altranais. Ó chlé: Emma Esperanza, Breeda Uí Loideáin, An Tánaiste, Binky Romanilos Logarta agus Barbara Manalang.

3 Ned Kinnane (ar chlé) agus Pádraig Ó Coirbín – tiománaí an otharcharr an lá sin – ag ócáid an Tanáiste sa Teach Altranais.

4 Ó chlé: Johney Mháirtín Larry; an Comhairleoir Contae, Seosamh Ó Cuaig; Josie Sheán Jeaic agus Tom Anthony Coyne ag ócáid an Tánaiste i gCarna sa mBealtaine.

5 Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin agus Bobby Molloy ag an ócáid sa Teach Altranais. Is iomaí díospóireacht a bhíodh eatarthu beirt ag cruinnithe i gCarna faoin Scéim Uisce. Bhuel, rinneadh an beart sin.

6 Ag ócáid an Tánaiste sa Teach Altranais. Ó chlé: Nóirín Bean Uí Chaodhna (Glinnsge agus an tOileán Maisean), Caitlín Uí Chualáin (Leitir Deiscirt) agus Bairbre Uí Chualáin (Crumpán).

7 Bríd Seoige (Loch Con Aortha) ar chlé agus Máire Uí Chualáin (Leitir Móir) ag ócáid an Tanáiste.

# Ainmnithe an Phobail



2



1

1 **“Tá rud éicint ansin thoir”. Beithigh ag coinneáil súil ar an saol i Muighinis.**
2 **“An Seoigeach”. Stail bhreá atá ag na Seoige as Áill na Brún agus duaiseanna móra tugtha leis aige ag Seó an Chlocháin.**
3 **Beithigh ag éalú ón teas ar thrá Mhuiginise an samhraidh seo caite.**
4 **Béilí féir – gaoith aduaidh agus Geimhradh i nGabhla.**



3



4

5 **An Geimhreadh – máthair agus iníon a tháinig ar an saol mall sa mbliain ar an bhfoscadh i nGabhla.**
6 **Athair an laoi, beithíoch breá atá ag Gearóid Seoige i nGabhla.**
7 **Mar a chéile muid! Lachain bheaga ag iarraidh foscadh ón gcearc i Muighinis.**
8 **I mbun a chuid dualgais. Gadhar mhuintir Ghríofa i Muighinis – *Rocky* – ag tabhairt aire do na lachain. Bhí mianach an ghadar caorach go smior ann agus chruinníodh sé na lachain ar nós mar a bheadh sé ag obair leis na caoirigh. Tá an scéal cinéal brónach sa deireadh – maraíodh Rocky bocht i dtimpiste le gairid.**



7



5



6



8



1



2

# Seal sna Státaí

1 Páirteach in imeachtaí móra an tsaoil. Sibéal Ní Fhlatharta as an Aird Mhóir (i ngreim san mbratach ar chlé) ag agóid taobh amuigh den White House i Washington san samhraidh le linn di a bheith ar thuras go Meiriceá.

2 Susan Uí Chatháin as Gabhla agus Tomás Ó Conaire as an nGairbhfionn i Ros Muc ag Museum na Feamainne i Scituate i Massachussetts san Aibreán. Bhí go leor daoine as Conamara san áit sin fadó agus bhaintí feamainn – cé nárbh í an fheamainn bhuí í – le díol le monarcha ansin.

3 Seosamh Ó Maoilchiaráin (Joe Mhichael Nóra) as Leitir Deiscirt taobh amuigh den teach ósta atá aige i Quincy i mBoston – an *Goal Post Bar and Grille*. Tógadh an pictiúr seo sa mBealtaine.

4 Cá'r fhága tú fear Ruisín na Mainíoch, a leabhar seo! Cóilín Lydon agus a Mherc i gCastle Island i mBoston i mí na Bealtaine.

5 Ag an "Green Briar" i mBoston Mheiriceá i mí na Samhna, 2005. Ó chlé: Máirtín Ó Catháin, Susan Uí Chatháin agus Uinsionn Ó Cadhain as Gabhla.

6. Ag múineadh Gaeilge do Mheiriceánaigh – grúpa Meiriceánach a tháinig go hIorras Aithneach aimsir Fhéile Mhic Dara i mbliana i gcuideachta Danny Ó Flatharta. Sa bpictiúr seo a tógadh taobh amuigh de Scoil Chill Chiaráin sé Danny Ó Flatharta an cheathrú duine ó chlé sa líne tosaigh agus sí Treasa Uí Chuaig (an múinteoir) an cúigiú duine ó chlé.



3


4



5


6

# Ar ais théis an tsaoil ... agus ag tosnú amach sa saol

**1** **Bhí ócáid stairiúil i gConamara in Iúil na bliana seo nuair a rinne beirt Mheiriceánach – Steve Fossett agus Mark Rebholz – aithris ar aistir Alcock agus Brown trasna an Atlantaigh 86 bliain ó shin. Thuirling Fossett agus Rebholz ar an gcúrsa gailf i mBaile Ac' Conghaile. Sa bpictiúr seo tá Edel Ní Dhúbhda as Carna i gcuideachta an phiolóite, Steve Fossett, go gairid théis dó tuirlingt.**





**2** **Ócáid "Debs" na bliana seo i gCarna. Ó chlé: Micheál Ó Máille, Colm Ó Conghaile, Neasa Ní Chuaig, Róisín Ní Chualáin, Tomás Ó Caodhna, Róisín Ní Chatháin, Seosamh Ó Cathasaigh agus Seáinín Breathnach.**

**3** **Céimeanna – ar dheis, Deirdre Ní Chatháin as Gabhla i gcuideachta cara léi, Regina Fahey as Cill Ainnín, agus céimeanna ónóracha i gCúrsaí Gnó bronnta orthu i mí Dheireadh Fómhair in Institiúd Theicneolaíochta Ghaillimh/Mhuigheo.**





**4** **Gan ach fothracha fanta ar an oileán – Mattie Coyne ar ais ar a oileán dhúchais, Oileán Iarthach. Ba i 1998 a tógadh an pictiúr agus tá Colm Ó Cadhain as Cill Chiaráin – a chol cúigear – i gcuideachta Mhattie. Ba é an chéad uair ag Mattie é ar ais ar an Oileán Iarthach le os cionn leathchéad bliain. (Féach scéal ina dhiaidh seo)**



**5** **An dorchadas ag titim ar theorainn Mheiriceá agus Cheanada – Mattie Coyne i Niagara Fall i nDeireadh Fómhair na bliana seo (Féach scéal).**

# RAS Transport

## Cill Chiaráin

*Seirbhís Iompar Cuisneoir*



**Éire, An Bhreatain & An Mór Roinn**

Fón: 095-33406 Fón soghluaiste: 087-9471576
Ríomh Phoist: rastransport@eircom.net

# Frank Conroy

## M.I.P.A.V.

# CEANTÁLAÍ

*Seirbhís luachála talúna agus foirgintí*

*"Seirbhís thrí Ghaeilge má theastaíonn sin uait"*

**Uimhreacha teileafóin: 091-869997 nó 087-2231935**

# Teach Altranais Charna

## *Nursing Home*

**Carna, Conamara, Co na Gaillimhe. Teileafón … 095-32854/ 32855.**



***Compóird agus aire don chéad scoth.***
***Suite ar chiúmhais na mara.***

STIÚRTHÓIRÍ: **Dr Micheál Ó Cathasaigh,** M.B., B.Ch., B.A.O., D. Ch., R.C.O.G., D.G.M., D.Obs, M.R.C.G.P., M.I.C.G.P., Dip. Family Planning, Dip. Dermatology.
**Sally Uí Chathasaigh,** S.R.N.

# Tigh Mhic Dhonnchadha

## Cill Chiarain

# Ollmhargadh

**Siopa Búistéara**
**Nuachtáin**



**Siopa Grósaera**
**Gas agus Gual**

# Oifig an Phoist

**Fón: 095 – 33406**
**Fax: 095 – 33609**

*Beannachtaí na Nollaig ar ar gcuid cuisteimeiri ar fad.*

# Scoil Phobail Mhic Dara

## *– marcanna ag ardú ach líon daltaí ag ísliú*

**Siad Siúracha na Trócaire a bhunaigh an córas meán scolaíochta san bpobal seo nuair a d'oscail siad Meánscoil in aice an Chlochair i 1959. Bunaíodh an Ghairmscoil i gCarna i 1964. Chonasc an dá scoil agus bunaíodh Scoil Phobail Mhic Dara i 1972.**

**Is i Scoil Phobail Mhic Dara a cuirtear oideachas meánscoile ar fhormhór dhéagóirí na háite ó shin i leith.**

**Labhair an Irisleabhar "Iorras Aithneach 05" le Príomhoide Scoil Phobail Mhic Dara, Tomás Ó Nídh.**

**IORRAS AITHNEACH 05: Bhí torthaí an-mhaith ag Scoil Phobail Mhic Dara san scrúdú Ardteistiméireachta i mbliana. Is dóigh gur b'shin údar mór sásaimh díbh ag teannamh le deireadh na bliana 2005.**

TOMÁS Ó NÍDH: Bhuel, ar ndóigh, tá na scrúdaithe tábhachtach agus tá na poinntí a fhaigheann na daltaí tábhachtach ach tá sé mar pholasaí, agus mar fhealsúnacht againne …agus bhí i gcónaí …go gcuirfí béim ar thábhacht an oideachais ar bhealach iomlán. Tá muid i gcónaí ag iarraidh go mbeadh na déagóirí a thagann isteach anseo níos réitithe agus níos ullmhaíthe le dhul amach sa saol nuair a fhágann siad Scoil Phobail Mhic Dara …agus tá níos mó ná poinntí scrúdaithe i gceist ansin. Sin í an scrúdú mór atá dá chur ar an Scoil féin anseo i gcónaí - an bhfuil oideachas agus oiliúint curtha ar dhaoine óga a fhágfaidh go mbeidh siad inann na buntáistí is fearr a bhaint as na buanna atá acu, pé ar bith bua é féin.

**IORRAS AITHNEACH 05: Ina dhiaidh sin féin cuireann an pobal go leor béime ar na poinntí sna scrúdaithe…..**



**Tomás Ó Nídh, an Príomh Oide i Scoil Phobail Mhic Dara, Carna**

TOMÁS Ó NÍDH: … tá sé sin amhlaidh. Seachainn an gceapfaí nach bhfuil muid ag coinneáil súil ar phoinntí maithe scrúdaithe! Ceart go leor i mbliana fuair os cíonn 45% do rang na hArd Teistiméireachta os cionn 400 poinnte agus bhí cuid acu idir 500 agus 600. Go n-éirí an saol leo anois agus iad ag scaradh linn anseo. Ach, ní hé deireadh an tsaoil é ag na daoine a bhí ar mharcanna níos ísle. Is iomaí sin bealach atá ann anois le dhul ar chúrsaí agus ar cheirdeanna éagsúla théis na meánscoile agus táim cinnte go gcuideoidh an t-oideachas a fuair sé/sí anseo le chuile dhalta. Ach glacaim leis go dtugann ríar marcanna arda misneach dúinn mar Scoile… idir dhaltaí, tuismitheoirí, múinteoirí agus foireann na scoile, bord bainistíochta, agus, go deimhin, don phobal uilig.

**IORRAS AITHNEACH 05: Cé mhéid dalta agaibh i mbliana, a Thomáis?**

TOMÁS Ó NÍDH: Tá muid gaibhte síos roinnt. 180 atá anseo anois. Bhí 203 againn anuraidh. Bhí an líon daltaí a tháinig isteach sa gCéad Bhliain níos ísle ná a chonaic muid le fada. Tá muide ag feiceáil na dtorthaí anois ar an ísliú mór atá tagtha ar an líon gasúr bunscoile sa bpobal seo le tamall de bhlianta. Lena chois sin, tá chuile chosúlacht ar an scéal go mbeidh an uimhir daltaí ag ísliú tuilleadh …

# Nioclás Ó Conchubhair Teo.

HOMEVALUE HARDWARE

Rogha & Seirbhís den Scoth

Leitirmóir, Conamara, Co. na Gaillimhe.
Fón: (091) 551114
Facs: (091) 551258
nicholas@eircom.net

**PRÍOMH STÓRTHA CRUA EARRAÍ NA hÉIREANN**

Péint •
Soirn •
Leictreach •
Crua Earraí •
Pluiméireact •
Ábhar Tithíochta •
Meaisín Níochán •



# Jackie Ó Cualáin

CONRAITHEOIR TÓGÁLA

Carna

**Réitíonn muid an teach ar fad**

Bunsraitheanna • Díonta • Ballaí

Pluiméireacht • Pláistéireacht • Sreangú & Obair Adhmaid

***Cuireann muid seirbhís ar fáil ar fud Chonamara***

*Níl aon jab ró-bheag ná ró-mhór*

**Glaoigh orainn ag:**
**Fón: 095-32331 • Facs: 095-32532**
**Mobile Fón: 087-2249498**

**“MEMBER OF CONSTRUCTION INDUSTRY FEDERATION” C.I.S. “MEMBER OF HOME BOUND”**

**IORRAS AITHNEACH 05: … sea, bhuel tá daoine ag rá go mbeidh an uimhir daltaí sa Scoil Phobail chomh híseal le 150 faoi cheann achar gairid blianta…**

**TOMÁS Ó NÍDH:** …. bhuel tá súil agam nach mbeidh sé sin amhlaidh. Cinnte, beidh ísliú ann agus beidh sé suntasach. Ach, tá roinnt tithe dá dtógáil agus ansin tá an scéim tithe ar phraghas réasúnach ar an taobh eile den bhóthar anseo gar don Scoil Phobail le tógáil agus bheadh súil ag duine go socródh níos mó daoine óga síos. Tá súil agam gur mar sin a bheidh.

**IORRAS AITHNEACH 05: Nach gcuirfidh an laghdú seo ar an líon daltaí brú ar an scoil ar bhealaí go leor?**

**TOMÁS Ó NÍDH:** Cuireann an scoil seo réimhse leathan ábhair ar fáil do scoláirí an cheantair. Tá fáil ar sé ábhar déag ag leibhéal an Teastais Shoiséireigh agus fáil ar cheithre ábhar déag ag leibhéal na hArdteistiméireachta, abhair ar nós Fisic, Bith Eolaíocht, Gnó, Ealáin, Tíos, Innealtóireacht, Staidéar Foirgneolaíocht, Stair agus Tír Eolaíocht, Gearmainís, Modúil Nascaithe agus arnú Gaeilge, Béarla agus Matamaitic. Chomh maith leis sin tá Ceol ar chlár na scoile againn le dhá bhliain.

Beidh sé deacair na hábhair seo ar fad a choinneál agus laghdú ag teacht ar líon na scoláirí ach creideann muid go láidir go bhfuil scoláirí an phobail seo i dteideal oideachas ar aon dul le aon scoil san tír. Táimid ag cur oideachas den scoth ar fáil faoi láthair agus troidfidh muid go láidir lena chinntiú gur mar sin a bheas sé amach anseo.

**IORRAS AITHNEACH 05: Cosán corrach go maith é, a Thomáis!**

**TOMÁS Ó NÍDH:** Bhuel, ceart go leor, ní cosán gan dris é go minic i gceantar mar seo…ach, ar ndóigh, tá cleachtadh againn ar sin! Dháiríre, má thagann an-iomarca lagan ar an bpobal agus ar an gceantar, beidh sé sin le tabhairt faoi deara sa Scoil Phobail … agus sna bunscoileanna freisin. Caithfidh muid coinneáil leis taobh istigh don Scoil agus taobh amuigh don scoil…agus sin é an manna a bheidh againn don chéad bhliain eile – 2006.


# Thomas Welby

## COMHAIRLEOIR CONTAE

Uachtar Ard

Teileafóin: 091-552959
087-2855676

Glaoigh orm nó buail isteach chugam.

*Beannachtaí na Nollag oraibh uilig*
*i gCarna, i gCIll Chiaráin agus ar fud Chonamara.*



Connie Ní Fhatharta

# CLINICÍ

FIANNA FÁIL
THE REPUBLICAN PARTY

An Dara Satharn sa Mí

| | |
|---|---|
| **Tigh Bhéara, Carna** | **10.00-11.00 r.n.** |
| **Tigh Keane, Cill Chiaráin** | **11.15-12.15 i.n.** |
| **An Tearmann, Camus** | **12.30-1.30 i.n.** |
| **Siopa Mhárta, Na Minna** | **2.00-3.00 i.n.** |
| **Ostán Crúiscín Lán, Spidéal** | **3.00-4.00 i.n.** |
| **Bearna Golf Club** | **4.15-5.15 i.n.** |

*Is féidir teagmháil a dhéanamh liom sa mbaile*

**Cladhnach, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe. Fón/Faics: 091 572140**
**An Comhairleoir Contae & Ball Tofa Údarás na Gaeltachta**



# Coláiste Sheosaimh Teoranta

Cill Chiaráin, Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe.

*Eolas iomlán ar fáil :*

**RÚNAÍ ÁITIÚIL**

Rita Mhic an Iomaire
Cill Chiaráin
Conamara
Fón: 095-33412

**STIÚRTHÓIR**

Dónall Mac Mathúna
Inis Bheag
Cill Mháille
Inis, Co. an Chláir
Fón: 065-6839670

# NEW ORLEANS

## …an Speirling Katrina agus muintir na háite seo

**Cé go raibh sí i bhfad ó bhaile, d'fhág an spéirling uafásach, Katrina a lorg ar Chonamara i mí Mheán Fómhair seo caite. Rinne an spéirling scrios ar chuid mhór do chathair New Orleans sa taobh ó dheas do Mheiricea agus fuair na céadta bás de bharr na tubaiste.**



**Danny Ó Flatharta ag an gCrois Cheilteach i New Orleans i gcuimhne ar na hÉireannaigh a bhásaigh ansin idir 1800-1900.**

Bhí Danny Ó Flatharta as an Áird Mhóir, a bhean Susan agus a mhac, Liam théis teitheadh as an gcathair in éineacht leis na céadta míle duine eile. Ach, rinne Katrina dochar mór don ghnó a bhí acu – O' Flaherty's sa French Quarter – agus shocraigh na Flathartaigh go n-athródh siad cúrsa ina dhiaidh sin. Tá na Flathartaigh imithe as New Orleans anois agus iad ag cur futhu i Jasper i Texas. Tá sé i gceist acu fanacht ansin.

Bhí eolas curtha ag cuid mhaith daoine as Conamara ar O'Flaherty's i New Orleans, go háirithe de bharr Féile na gCurrach. Bhí na seaimpíní currach ar chósta thiar na hÉireann ag dul go New Orleans chuile Fhómhar le chúig bhliana déag.

Ba ag Féile Mhic Dara anseo i gCarna a bhíodh an chraobh le buachtáil i dtús aimsire ach socraíodh théis tamaill gur cheart gur ar bhun sraithe – poinntí le buachtáil ag chuile Fhéile – a chuirfí an turas go New Orleans. Glactar leis gur chuidigh sin go mór leis an gcoimhlint imeasc fóirne currach i gConamara, in Árainn agus ar chósta thiar na hÉireann.

Ach, tá na ceangail idir an tír seo agus New Orleans ag dul píosa mór siar. Chuaigh na mílte as Éirinn go New Orleans i bhfad siar sna blianta – idir 1800 agus 1900 go háirithe – ag baint chánálacha sa réigiún sin. Ar dhuine acu sin bhí Maitias Sheáin Fheidhlim (Mac Donnchadha) as an Áird Thiar. Ba uncail é Maitias leis an nGabh Mór as Leitir Ard, athair Mhattie Mac

# JJ Conneely' Restaurant & Club

## Function Room



**BOOK YOUR CHRISTMAS PARTY NOW**

**available for Birthday Parties, 21st Christenings, Staff Parties, Weddings etc.**

Menus available on request please call 095-22544

## Restaurant



**Open on weekends during the winter, and nightly over the Christmas period. Offering Steaks, Seafood, Duck, Lamb, Enchilades, Stir frys & Pizzas**

## JJs Club

OPEN 11th, 18th, 26th, 27th, 31st of December and 1st of January from 11.30 till late

## JJs Bar

**Music Every Saturday Night**
**Food served Daily till 9.30 pm**
**Pool Table**
**Roast Every Sunday!**



*Special menu in operation for New Years Eve.*

**MARKET STREET, CLIFDEN 095-22733**



BIM

Bord Iascaigh Mhara
Irish Sea Fisheries Board

**Bia de'n scoth
ón bhfarraige**

Bord Iascaigh Mhara
Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Atha Cliath
Teil: 353-1-2144100 Faics: 353-1-2841123
http://www.bim.ie

Donnchadhaa bhíodh ina bhainisteoir in Óstán Charna sna blianta siar. Agus ba sean uncail é le Seán Mac Donnchadha, an fonnadóir. Bhásaigh Maitias Sheáin Fheidhlim i New Orleans –d'fhéadfadh sé gur b'é an teas, an cruatan agus galar a chur chun báis é mar a tharla do na mílte Éireannach. Bhasaigh na mílte acu ansin sna blianta idir 1800 agus 1900 agus iad ag cartadh amach canálacha. Níorbh ionann an saol sin agus an saol atá ann anois. Shroich an scéal a dhaoine muinteartha ach ní raibh a fhios cá raibh Maitias curtha - sin má bhí sé curtha i reilig ar bith.

Shocraigh fear muintireach leis, Páidín Ned (Mac an Ríogh) as an Áird Thoir an aistir a dhéanamh as Chicago go New Orleans go bhfeicfeadh sé an bhfaigheadh sé aon tuairisc ar an áit a raibh Maitias curtha. Aistear fhada ar thraen a bhí inti sin san am. Ach, ba iontach an scéala ag a mhuintir é gur éirigh le Páidín a theacht ar an uaigh théis go leor fiosrú agus siúil a dhéanamh i New Orleans. Thug an scéal sólás do dhoine muinteartha Mhaitias.

Os cionn na talúna a cuireadh daoine i New Orleans. Tá an t-uisce ag éirí aníos ann agus cuirtear daoine i dtumbaí.

Bhí bean mhuintireach le Maitias Sheáin Fheidhlim – sin í Bríd Bean Uí Loideáin i mBoston – ag déanamh iontais le gairid ar tháinig uaigh Mhaitiais slán as an speirling agus as na fuarlaigh i New Orleans. De shloinne Mhic Dhonnchada í Bríd ó cheart (Bríd an Ghabh) agus is as Leitir Ard í. Ceapann sí nach bhfaighfear tuairisc ar an gceist atá aice go brách: an bhfuil uaigh Mhaitiais Sheáin Fheidhlim slán, sábháilte? Rinneadh damáiste do chuid de na reiligeacha i New Orleans …ach thairis sin, níl aon eolas aice.


Go ndéana Dia trócaire ar Mhaitias Sheáin Fheidhlim agus ar na hÉireannaigh uilig a cuireadh i dtumbaí New Orleans.



**Lá 'l Pádraig 2005**

# Feichín Ó Flatharta

Seirbhís Mionbhus/Hackney



**Ait ar bith**
**Gaillimh,Clochán,Ceathrú Rua……..**

**Glaoith am ar bith…..**

*Beannachtaí na Nollaig don Phobal uilig.*

# SEÁN Ó NEACHTAIN MEP

CONNACHT -ULSTER

"***Ag Obair ar do Shon san Eoraip***"



*Beannachtaí na Nollag*
*agus Ath Bhliain faoi Mhaise*

42 Cnoc na Radharc
Oifig Togh Cheantair
Ar Oscailt Luan – Aoine 9r.n -5i.n
Fón: 091 560020 Faics: 091 560023
rphoist: seanoneachtain@eircom.net idirlíon: www.oneachtain.com

# Cúraim baile do dhaoine atá ag teannamh amach sna blianta

## a gcomhlucht féin ag beirt bhan as Carna i Meiriceá

**I dtús na naochaidí, bhí Marie Ní Loideain as Ruisín na Mainíoch ag dul chuig an Ollscoil i nGaillimh. Fuair sí céim sa mbéarla agus san eacnamaíocht. Ina dhiaidh sin, bhí sí ina múinteoir meánscoile i gContae an Chláir. Ansin, i samhraidh na bliana 1997 chuaigh sí go Meiriceá; "saoire samhraidh" a bheadh ann, a shíl sí. Ach, ní mar sin a tharla. Tá sí i Meiriceá ó shin, droim tugtha aice don mhúinteoireacht agus a gnó féin tosnaithe aice sna Státaí i gcuideachta a deirfiúr Síle.**


Anois tugann Marie agus a deifriúr, Síle Ní Loideáin seirbhís cúram baile i gcathair Bhoston agus in áiteacha eile i Massachussetts. Claddagh Elder Care a thugann siad ar an gcomhlucht. Tá ag éirí thar cionn leo.

"Scaití, ní bhíonn ag teastáil ó dhaoine ach go mbeadh duine ina gcuideachta sa teach", adeir Marie. "Ach, uaireannta eile, bíonn an cás i bhfad níos tromchúisigh. Bíonn duine ag teastáil sa teach nuair a bhíonn duine i ndeireadh a shaoil, no ag fáil bháis. Cuireann muide na daoine sin ar fáil." Tá Máire ag eagrú agus sí Síle an bhanaltra.

Banaltra í Síle Ní Loideain a fuair a cuid cáilíochtaí agus dindiúirí sna Stáit Aontaithe. Nuair a fhaightear glaoch ag iarraidh duine a thabharfadh comhluadar nó seirbhísí cúraim do dhuine ina theach féin, téann Síle amach agus caitheann sí súil ar an gcás. "Faigheann muid léargas maith ar an scéal ar an gcaoi sin", adeir Marie. "Bíonn tú inann ansin an cineál duine is feiliúnaigh a chur ar fáil don té atá i gceist."

Tá an-mheas ar Éireannaigh – mná is mó a thugann cúram – i Meiriceá, adeir Marie. "Tá an cháil sin orthu le blianta fada anseo", adeir sí, "ach ní féidir luí ar na maidí. Caithfear a chinntiú go mairfidh an cháil sin."

Tá cónaí ar Marie i mbaile mór Braintree atá tuairim 10 míle amach ó chathair Bhoston. Is ansin ina hoifig a dhéanann sí stiúiriú ar an ngnó. Admhaíonn sí nach gnáth sheachtain oibre é. "D'fhéadfadh glaoch a theacht chugat uair ar bith san oíche", adeir sí. "Duine éicint tinn mar shampla – sin é nádúr na hoibre".



**Cathair Bhoston**




Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

**Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,**
**Áras Shorcha Ní Ghuairim, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh Carna, Co na Gaillimhe.**



http://www.arascarna.nuigalway.ie

**Fón: 095 – 32834/32835 Facs: 095 - 32836 Ríomhphost: riar@oegcarna.com Ríomhphost: nora.uishuilleabhain@oegaillimh.ie**

Tá sé mar bhunaidhm ag an Ionad deiseanna oiliúna agus forbartha atá dírithe ar an nGaeilge a chur chun cinn sa limistéar, mar aon le deis a thabhairt do Ghaeilgeoirí agus dóibh siúd ar suim leo cultúr na Gaeltachta páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí san Ionad.
Áiríonn na deiseanna seo:

- Cúrsaí tríú leibhéal sa Ríomhaireacht trí mheán na Gaeilge
- Clár Forbartha Béaloidis sa phobal
- Deiseanna d'fhoghlaimeoirí Gaeilge
- Seirbhís tacaíochta riaracháin trí Ghaeilge don Phobal.

Tacaíocht do reáchtáil féilte cultúrtha

Tuige ar shocraigh Marie go bhfanfadh sí i Meiriceá agus go rachfadh sí i mbun gnó ansin?

"Is dóigh go raibh roinnt cúiseanna leis ach creidim gur mó a bheadh agat de bharr do chuid oibre i Meiriceá ná in Éirinn…sin má oibríonn tú go crua", adeir sí. Creideann sí freisin gur fusa iara a thabhairt faoi chúrsaí gnó i Meiriceá ná in Éirinn. "Shíl mé i gcónaí go raibh an-iomarca driseacha cosáin sa mbealach ort, an-iomarca rudaí le láimhsiú má bhí tú le tosnú amach i mbun gnó in Éirinn. Ar ndóigh, tá an daonra mór anseo freisin, rud a thugann deis níos fearr duit", adeir sí.

"Ar ndóigh, bhí go leor daoine muinteartha agam anseo freisin i Meiriceá", adeir Marie "agus bhí baint aige sin leis an scéal chomh maith."

Ag tabhairt aire do dhaoine aosta a bhí Marie Ní Loideáin í féin nuair a tháinig sí go Meiriceá i dtosach. "Obair í ar bhain mé sásaimh aisti", adeir Marie. "Bhí tú ag cuidiú le daoine ar bhealach an-phearsanta agus bhí ceangal agus caidrimh agat leo." Maidir le cúrsaí airgid, bhí deis agat, adeir Marie, go leor oibre a dhéanamh agus páigh mhaith a shaothrú.

Tugann na Loideáin obair do chuid mhaith mná Éireannacha. "Cur i gcás go bhfaighfeá glaoch gur theastaigh aire agus cúnamh ó dhuine éicint ar feadh 24 uair sa ló, bheadh ort cheathrar sa tseachtain a bheith ar fáil leis an tseirbhís sin a thabhairt. Bheadh ort ceathrar breise a fháil sciobtha go maith. Níl a fhios agat cén uair a n-athróidh cúrsaí."

Tá triúr gasúr ag Marie agus a fear anois: Dara (6), Aoife (4) agus Liam (1). An n-gabhfadh siad ar ais go hÉirinn chun cónaithe?

"Bhuel ní chuirfinn as an gcomhaireamh uilig é", adeir Marie. "Silim go bhfuil Éirinn níos fearr do ghasúir. Ach, tá buntáistí eile anseo – tá rudaí ar leic an dorais agat agus tá obair fairsing." Céard faoi Charna?

"Tá sé ró-fhada go Gaillimh", adeir Marie. "Sin mí-bhuntáiste mór – bíonn ort píosa mór a chaitheamh ar bóthar…agus droch-bhóthar."

Tá Marie agus a deirfiúr Síle ag tabhairt a n-aghaidh anois ar an tréimhse is cruógaigh sa mbliain – an Geimhreadh fuar sna Státaí ó thuaidh i Meiriceá. Ach, tá a ngnó múnlaithe go maith anois acu théis 7 mbliana.


NDP

Funded by the Irish Government under
The National Development Plan

Teagasc

# REPS 3

## Teagasc REPS Planning Service

Avail of Increased Payments under REPS 3

**Free Consultation on the "pros and cons" of REPS 3**

**For further information contact:**

**Teagasc, Terryland Retail Park, Headford Road, Galway at (091) 562101**

**David Callinan – Connemara Area at (091) 562101**

Cuir fút i gCarna

# Oírr Homes

**Tithe den chéad scoth ar fáil ar phraghas faireáilte.**

*Top class houses at a fair price in a new development in Carna Village.*

**Tosaíonn na praghsanna ag €180,000 ar theach dhá sheomra codhlata.**
**Tá tithe 3 sheomra agus 4 sheomra ann freisin.**

*Prices starting at €180,000 for a 2 bedroomed house.*
*Three and four bedroom houses available also.*

Tá an tÓstán, Nursing Home, Teach an Phobail, Teach an Phosta agus siopaí buailte ar an áit.

*Tabhair cuairt ar na tithe - ag imeall thiar shráidbhaile Charna agus caith súil orthu.*
*Ní ghabhfaidh tú amú!*

**Glaoigh ar Frank Conroy ag 087-2231935**

*Call Frank Conroy at 087-2231935*

# Tigh Leavy

Áird Mhóir

## Siopa Grósaera
## Búistéara / Fíon

Fón / Facs: 095-32230



Seolann muid beannachtaí na Nollag
chuig ár gcustaiméaraí ar fad

# Feabhas mór ar shaol teaghlaigh sna Filipíní de bharr Teach Altranais Charna

**Máirtín Ó Catháin**

*Seolann Barbara Manalang airgead abhaile go dtí an Domhan Thoir chuile sheachtain - airgead atá saothraithe aice ag obair i dTeach Altranais Charna mar bhanaltra. Tá an saol feabhsaithe go mór ag muintir Manalang 10,000 míle as an áit seo dá bharr sin. Is mór an t-athrú saoil é. Duine í Barbara do na céadta banaltra as na Filipíní atá i gcroílár na seirbhísí leighis sa tír seo anois.*

Tá ganntan altraí in Éirinn le roinnt blianta. Ar fud na tire, tá Ospidéil mhóra ag braith go mór ar altraí atá tagtha as tíortha thar lear – na Filipíní go háirithe. Nuair a bhí Teach Altrainais Charna … an Nursing Home … le n-oscailt dhá bhliain ó shin, chuirfeadh an ganntan altraí imní mhór ort. Muna raibh áiteacha i mBaile Átha Cliath inann altrai a fháil ag obair, cén chaoi a bhféadfá a bheith ag súil go bhfaighfeá altraí as an tír seo le theacht go Carna?

Ba ansin a cuireadh tuairisc sna Filipíní agus fuarthas banaltrai den scoth ansin. Tá cúigear acu ag obair i gCarna anois. Murach iad, ní fhéadfaí an Teach Altranais a choinneáil ag imeacht … agus tá a fhios againn uilig cén leas atá déanta ag an Teach sin don phobal, ar chuile bhealach. Ach, tá athrú curtha ar shaol na bhFilipíneach freisin ag Teach Altranais Charna – athrú chun leasa dóibh uilig.

### Triúr Gasúr sa mBaile

Tháinig Barbara Manalang go Carna bliain ó shin. As lár oileán Luzon í Barbara. Cónaíonn a fear, Elmore agus a triúr clainne ansin … beirt chailíní – Madelene (10) agus Mikaela (6) agus buachaill, A Michael (4).

Bhí an t-athrú an-chrua, adeir sí. Ach, tá an-leas go deo déanta ag an jab atá aice i dTeach Altranais Charna don teaghlach uilig.

"Ar an gcéad iarraidh, tá na fiacha a bhí orainn sa mbaile sna Filipíní glanta againn", adeir Barbara. "Bhí na fiacha sin sa mullach orainn le blianta agus é ag cinnt orainn iad a íoc



**Barbara Manalang - a teaghlach sna Filipíní níos fearr as de bharr Teach Altranais Charna**

ar ais." €10,000 a bhí le n-íoc ar ais – suim mhór in áit ar bith. Ach, cuimhnigh go bhfuil na Filipíní bocht i gcomparáid linne agus tá an pháigh íseal – euro nó dhó san uair. Bhí na fiacha seo ar an teaghlach nuair nár oibrigh seirbhís priondála a thriáil siad. "Tháinig lagan eile ar chúrsaí eacnamaíochta nuair a thosaigh muid an gnó", adeir Barbara, "agus sin é a chur síos uilig muid. Buíochas le Dia, tá na fiacha sin glanta de bharr na hoibre a fuair mé i gCarna".

Cuireann muintir na bhFilipíní béim mhór ar oideachas dá gclann. "Má fhaigheann na gasúir oideachas maith, tá seans acu éalú ón mbochtanas", adeir Barbara. "Siad na scoileanna príobháideacha na háiteach is fearr leis an oideachais sin a fháil. Anois, beidh mé inann an oiread a chur i dtaisce agus go mbeidh na gasúir inann freastal ar scoileanna príobháideacha.

Tuairim's €400 sa mbliain a chosnaíonn sé a dhul chuig meánscoil phríobháideach sna Filipíní. Ina dhiaidh sin, tá costaisí ollscoile ann.

"B'shin aidhm mhór a bhí agam", adeir Barbara. "Cnap airgid a chur go leath taobh le n-aghaidh sin. Ansin, tá teach le tógáil."

Bheadh altra in Éirinn in ann páigh bhliana sna Filipíní a shaothrú in imeacht 6 seachtainí / 2 mhí.

"Bhí mé ag fanacht le cúpla bliain go bhfeicinn a bhfaighinn deis a dhul go hÉirinn", adeir Barbara Manalang. "Beidh mé buíoch i gcónaí do Theach Altranais Charna as an deis sin a thabhairt dom."

### Sa mbaile faoi Nollaig

Tá Barbara sa mbaile ar saoire i mí seo na Nollag. Beidh sí ansin go Lá'l Stiofáin nuair a rachfaidh sí ar bord eitealáin i Manila aríst ar an aistir mhór fhada ar ais go Carna. Ach, anois, admhaíonn sí go bhfuil sí smaoineamh ar fanacht in Éirinn agus an teaghlach uilig a thabhairt anseo.

"Tá súil agam mo fhear, Elmore, a thabhairt ar cuairt anseo san Aibreán", adeir sí. "Má thaithníonn an áit leis, b'fhéidir go dtabharfadh muid na gasúir anseo níos deireannaigh. Cá bhfios nach bhfanfadh muid i gCarna uilig. Ach sin scéal eile agus ní mór dúinn tuilleadh macnaimh a dhéanamh ar."

Ba mhór an fháilte a chuirfi roimhe mar scéala dá bhfanfadh Barbara. Ach an oiread leis na haltraí Filipíneacha eile, tá an-tóir ag na daoine atá ag cur futhú sa Teach Altranais ar Bharbara Manalang.

*Go n-éirí go geal le Iris Iorras Aithneach*

# Éamon Ó Cuív T.D.



Teach Uí Chiarubháin
Sráid Tobar an Iarla
Gaillimh

(091) 562846 (091) 562844

# ÓSTÁN AN DÓILÍN

An Cheathrú Rua
Fón 091-595169

*Déanfar freastal ar gach cineál ócáid, cóisir nó bainis*

# ÓSTÁN AN CHEATHRÚ RUA

An Cheathrú Rua
Fón 091-595116

*Deoch ar do chompórd sa tSailchuach*

# Tigh Mhaithín

Siopa agus LOTTO

# An cosán a thug anseo mé

## *As an oileán Iarthach go Niagara Falls*

**Máirtín Ó Catháin**

**Fuarlaigh fiáine bána agus cúr dá chur go spéir. Niagara Falls – ceann de sheacht n-iontas an domhain. An bhfaigheann duine tuirseach go deo ag breathnú ar an bhfuarlach uisce seo ag titim le fána aille? "Bhuel, tá scaitheamh fada caite agam ag breathnú ar", adeir Mattie Coyne. "Chúig bhliana agus leathchéad … agus tuilleadh."**



**Mattie Coyne agus iníonacha a dhearthára in éindigh leis - Anne Dowd ar chlé agus Linda Nee as dheis.**

Pingin a chaith sé san aer i Londain i ndeireadh na gceathaireachaidí a dhírigh a chompás agus a chosán ar Cheanada. Bhí trí bliana caite aige in aerfhórsa Shasana. Ní raibh sé ag iarraidh fanacht ann agus ní raibh sé ag iarraidh a theacht ar ais go Conamara, ná go hÉirinn. Bhí dhá áit ar intinn aige – Ceanada agus an Astráil. Chaith sé pingin san aer. "Heads" do Cheanada agus "tails" don Astráil. "Heads" a tháinig anuas. Rinne Mattie Coyne réiteach láithreach le dhul anonn. Bhí an cosán don chuid eile dá shaoil roghnaithe aige – de bharr na pingine a caitheadh in aer.

Tá na cheithre scóir caite ag Mattie Coyne anois – deartháir é le Tom Anthony Coyne agus le Hannah Coyne i nGlinnsge … agus le Micky Coyne i nGabhla. B'fhéidir gur bhfearr a thuigeadh daoine níos óige cé hé féin dá míneodh muid gur uncail é do Alison Coyne agus do Anne Dowd agus do na Cadhain i nGabhla, B'fhéidir gur fearr a thuigfeadh daoine an-óga an scéal dá míneodh muid gur sean-uncail é le peileadóirí cáiliúla Charna - Conor agus Niall Ó Cadhain.

Ar an Oileán Iarthach a rugadh Mattie – níl deoraí ar an oileán sin le fada an lá anois. "Ar an oileán dháiríre a rugadh mé", adeir Mattie. "Ní raibh cúrsaí ospidéil mháithreachais i gceist mórán san am". B'shin é 1923. Bhí Cóilín Choilimín Seoige as Inis Bearachain – athair Mháirtín Chóilín Choilimín Seoige – ar dhuine don bheirt a chuaigh chun baiste leis. Ach, go luath ina shaol tugadh Mattie go Gabhla agus d'fhás sé suas ansin …agus théadh sé ar ais chuig an oileán anois agus aríst. Chuaigh sé chun na scoile i nGlinnsge freisin agus tá cuimhne mhaith aige i gcónaí ar na laetheanta sin.

## Cill Dara agus Aer Fhórsa Shasana

Théis na scoile chuaigh sé ag rupáil le rud a bith a bhí ar fáil – lá anonn agus anall, cúpla mí leis an gCounty Council ar na bóithre agus mar sin. Ansin, thosaigh obair na móna i gContae Chill Dara agus chuaigh Mattie suas ann in éindí le tuilleadh d'fhir óga na háite. Ach, théis tamaill, thug sé seáirse taobh ó thuaidh don teorainn agus d'éirigh leis fáil isteach in aer-fhórsa na Breataine. Bhí an Dara Cogadh Mór (1939-1945) ar bun. Sul a ndeachaigh sé anonn, thug sé turas amháin eile abhaile go Conamara. Ní bheadh cónaí air ina cheantar dúchais go deo aríst.

Tá rud amháin a tugadh dó ar an turas sin go Conamara fanta aige ina sheilbh i gcónaí – leabhar urnaithe Gaeilge a thug Bean Rialta a bhí sa gClochar i dTír an Fhia dó agus é ar a bhealach go hAer Fhórsa na Breataine sa saol corrach sin. Leagann sé an leabhar urnaithe uaidh ar an mbord i gcathair Niagara Falls agus caitheann sé súil siar.

"Ní raibh mórán do thada le fáil in Éirinn an uair sin", adeir Mattie. "Is dóigh go raibh a fhios agam gur i bhfad ó bhaile a chaithfinn mo shaol – ach ní raibh a fhios agam cén áit."

Chaith sé trí bliana leis an Aer Fhórsa sa Meán Oirthear sul ar tháinig sé ar ais go Sasana … agus sul ar chaith sé an phingin sin san aer i ndeireadh na gceathrachadaí. Go Montreal a chuaigh sé i dtosach nuair a landáil sé i gCeanada.

Insíonn Mattie scéal i gconaí faoin lá ar chas sé le cara leis ón mbaile ar an tsráid i Montreal - Seán Mhicil Tom as Muighros. "Bhí aithne mhór againn ar a chéile sa mbaile", adeir Mattie, "ach ní raibh a fhios agam go raibh sé níos gaire dom ná Muighros. Muna raibh céad fáilte againn roimh a chéile, ní lá go maidin é."

Le himeacht aimsire chuaigh Mattie go Niagara Falls. Ag obair ar na scéimeanna móra leictreachais a bhí sé ansin. Bhítí – agus táthar fós – ag ginniúint leictreachais as na fuarlaigh uisce ansin. Ar thaobh Mheiriceá don chathair a bhí - agus atá - cónaí ar Mhattie. Tá Niagara Falls díreach ar an teorainn idir an dá thír sin.



**Iníon Mhattie … sin í Barbara agus a mac Austin taobh amuigh do theach a hathar i Niagara Falls i mí na Samhna seo caite.**

## Sonas agus Donas an tSaoil

Phós Mattie agus bhí iníon amháin aige fein agus Jean – Barbara. Ansin, theagmhaigh an mí-ádh dó i 1972. Tugadh comhartha mí-cheart thuas ar fhoirgnimh ginnte leictreachais. Scaoileadh le ualach trom agus tugadh Mattie anuas go talamh leis an ualach. Chaith sé trí seachtaine gan aithne, gan urlabhra - agus bliain eile gan focal cainte. Ach, tháinig sé as … cé gur fágadh a láimh dheis ón ngualainn gan aon mhothú. Fágadh a chuid cainte cineál bacach freisin de bharr an ghortuithe. Ach, gan bhuíochas don mhí-ádh sin, tiomáineann Mattie a charr féin i gcónaí agus tá sé chomh scafánta, suppleáilte le mionnáin gabhair. Siúileann sé píosaí móra chuile lá.

Tá gar mhac aige anois – Austin. Tá cuairteanna tugtha aige ar an mbaile i gConamara le blianta beaga anuas. Cuireann na cuairteanna sin gliondar croí air – seachas rud amháin: chuile uair dá dteigheann sé ar ais bíonn níos mó de na daoine óga ar fhás sé aníos leo curtha, caillte. Ach, is breá leis aithne a chur ar chlann - agus ar ghar chlann na ndaoine sin a d'fhás aníos leis féin, tráth don tsaol. "Siad na daoine céanna i gcónaí iad", adeir Mattie.

Bhí an chuairt a thug sé ar an Oileán Iarthach i Márta na bliana 1998 ar an rud ba mho a mhúscail a chroí agus a intinn. B'shin é an chéad uair aige ar a oileán dúchais le os cionn leathchéad bliain. Ní raibh fanta ach creatlaigh na dtithe, cúpla beithíoch agus éanacha an aeir.

Ar mhaith leis cónaí in Éirinn? "Dhéanfainn ar maidin", adeir Mattie, "ach tá mo iníon Barbara, a fear agus Austin óg anseo. Sin iad mo theaghlach agus mo chlann."

Dá mbeadh sé ag tosnú amach aríst an dtógfadh sé an cosán fada casta ar féin as an Oilean Iarthach go Niagara Falls? Breathnaíonn Mattie uaidh trasna na n-ailltreacha agus na bhfuarlaigh fiáine i Niagara Falls … meanga bheag … gáire bheag ansin … breathnaíonn sé uaidh siar ar an spéir agus ar na Falls … "cá bhfios beo", adeir Mattie agus dorchadas an tráthnóna ag faisceadh isteach orainn ar an teorainn idir Meiriceá agus Ceanada.


# Irish Seafood Producers Group Limited

Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe.
Fón: 095-33501 Facs: 095-33453

**An príomh chomhlacht margaíochta don tionscal feirmeoireacht éisc in Éirinn.**

*Comhgháirdeachas leis an bhFóram Pobail as a bhfuil déanta acu.*

# SEOSAMH Ó CUAIG



**Comhairleoir Contae**
**Comhalta Tofa - Údarás na Gaeltachta**

Áill na Brún, Cill Chiaráin

**Tá fáil orm i gcónaí …**

**095-33428 agus 087-2194247**

*Nollaig mhaith agaibh uilig*

*Beannachtaí na Nollag dár gcuistiméaraí agus don phobal uile ó:*

# J.P. Mylotte

**CARNA**

Siopa Grósaera

Seirbhísí Sochraide

**Fón: (095) 32256**
**Fax: (095) 32951**

# G. Stanley & Sons



An Clochán 095-21039 Faics: 095-21721

## Togha Siopa Éadaigh

Earraí Olna, Línéadach agus Criostal Éireannach
Earraí Iascaireachta agus Spóirt agus neart eile freisin

Is cáirde linn muintir phobal Charna le fada an lá
***Nollaig mhaith dhíbh uile***

NDP
PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

# mfg teo

## Clár Náisiúnta Forbartha Tuaithe

Tacaíocht d'Fhorbairt Tuaithe

**Gach Eolas Ó:**
**Deirdre Ní Churraidhín, Bainisteoir Réigiúnach,**
**Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teoranta**
Páirc Ghnó Shailearna, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
**Guthan:** 091 593410 **Faics:** 091 593728.
**Ríomhphost:** mfggaillimh@eircom.net




Seo í anois Angelina Jolie, an bhean a bhuaigh an geall go réidh nuair a fiafraíodh do pheileadóirí Charna cén "date" a b'fhearr leo dá mbeadh mná breátha an domhain ar an táirseach.



Abi Titmus – vóta amháin


## NA CAINTEOIRÍ















Ar barr, ó chlé: Micheál Ó Cathasaigh, Conor Ó Cadhain, Marcus Mac Fhlannchadha In íochtar, ó chlé: Colm Ó Loideáin, Niall Ó Cadhain




Sean Anglia Phaddy Mháirtín Sonny - Paddy Keane. Bhí sí go láidir ar intinn ag an bhfear mór, Conor Ó Cadhain nuair a fiafraíodh dó cén carr a phiocfadh sé amach dá mbeadh caranna an domhain ar an tsráid!



An Ferrari - rogha cairr Mhark Clancy agus Cholm Uí Loideáin.



Loch an Iarainn – an loch nua a bheidh ag tabhairt uisce don cheantar – agus áit dheas le dhul ag spaisteoireacht in éindigh le Angelina – nó Abi féin!





1 Tá Santa Claus landáilte!


2 Ní raibh na micrafóin dímhaoin! Máirtín Nee as an gCaiseal agus é ar Raidió Pobail Chonamara níos túisce i mbliana.

3 An tAthair Ciarán Mac an Iomaire as Muighinis sa mbaile ar cuairt as an mBraisíl sa bhFómhar. Máire Ní Uaithnín ina chuideachta.


4 Réitíthe amach le haghaidh ócáid na Debs ar an 14ú Iúil. Ó chlé: bean Ros na Rún, Róisín Ní Chualáin (Carna) Máirín Ní Chonghaile (Carna) Róisín Ní Chatháin (Gabhla) agus Máire Mhadaoín (Carna) ina gcuideachta.











1 Thug mná Charna cuairt ar chathair Beijing le linn na Siúlóide sa tSín. Seo teach galánta san áit ar a dtugtar an “Forbidden City”.

2 An Garda Máirtín Ó Gríofa agus a dheirfiúr Nóra as Tír an Fhia ar dhroim na mara amach ó Cape Cod i Meiriceá i mbliana.

3 Cailíní Chois Fharraige ar chamail. Chas an fear ceamara sin againne Máirtín Ó Gríofa le Síle Ní Thuathail (ar chlé) agus Gráinne Ní Chualáin sa Meán Oirthear.

4 Bailiú €4,429 ar siúlóid ó Cill Chiaráin agus Carna go dtí Tigh Leavy san Aird Mhóir le haghaidh an tSunami i mí Eanáir.
An líne cúil, ó chlé: Cliona Ní Dhonnchadha; Adrienne Uí Chatháin, Micheál Ó Cuaig, Nuala Taqi, Eitne Nic Dhonnchadha, An tAthair Peadar, urlabhraí as GOAL, Bairbre Nic Dhonnacha, Eileen DeFlores agus Máiread Nic Dhonnacha.
Cailíní sa tosach ón clé: Sharon Ní Thuathail, Michelle Ní Dhonnacha agus Alana Ní Dhonnacha.





**Ag síniú an chonradh le haghaidh Scéim Uisce Charna/Chill Chiaráin**

Líne tosaigh, ó chlé: Angela Quinn, Tony Murphy, Pádraig Burke agus Michael Ward.
Líne cúil, ó chlé: Imelda Tierney, Brian Gallagher, Éamon Waldron, an Comhairleori Contae Seosamh Ó Cuaig.



Eddie Bheartla … an tAthair Éamon Ó Conghaile ag múineadh damhsa ón tsean aimsir do bheirt do Cuinneagáin óga i Scoil an Chaisil i mbliana.



Fuair sé an chéad áit i Rath Cairn bliain go ham seo, freisin. An obair faoi lán tseoil sa gcoiléar i nDubh Leitir le gainimh a choinneáil leis an Scéim Uisce a thosaigh i mbliana.



Carmel Uí Fhátharta agus a mac óg, Micheál ar a mbealach go hOileán Mhic Dara ar an 16ú Iúil i mbliana. Bhásaigh fear céile Charmel agus athair Mhicheál – Michael Sonny Ó Fátharta as Inis Mór i dtragóid an St Oliver amach ó chósta Mhuighinse ar an 17ú Meán Fómhair, 2004. Ní raibh Micheál óg beirthe nuair a bhásaigh a athair go tragóideach an oíche sin.

# Cosán eile ag teastáil

**I mí Dheireadh Fomhair, sheol Údarás na Gaeltacht cáipéis faoi fhorbairt an cheantair seo ina bhfuil sé ráite go bhféadfaí 100 jab le cois a chur ar fáil in imeacht 5 bhliana.  Ba mhaith an rud é sin…ach níl tada dó sin feicithe againn fós.  Cé go nglacann muid leis gur dearnadh obair mhaith ar anTuarascáil seo, ní raibh muid sásta go raibh an Tuararcáil chomh cuimsitheach agus theastódh.**

**Tá neart fianaise ann - faraíor - go bhfuil lagan tromchúiseach ag teacht ar an bpobal seo.  Tá an saol athruithe go mór … agus creideann muide go bhfuil cosán nua ag teastáil.**

**Chur muid féin, Fóram Iorras Aithneach, cáipéis amach faoin teideal “Cosán nua ag teastáil”.  Tá sí seolta chuig polaiteoirí srl.**

**Má theastaíonn cóip de ó dhaoine, beidh fáil uirthi ón Rúnaí, Áine Máire Ní Fhlatharta.**

**Níl an spás againn anseo leis an gcaipéis a fhoilsiú in iomláine agus seo píosaí aisti.**

### AN DROCH PHICTIÚR

Tá trí rud fíor-shoiléir san gceantar seo:

- Tá an daonra ag laghdú go suntasach;
- Tuairim’s faoi dhó an oiread daoine ag fáil bháis agus atá ag teacht ar an saol;
- Tá na daoine atá ann ag fáil níos sine - níos mó daoine ag teannamh amach sna blianta agus níos lú daoine óga.

Ní maith linn an scéal sin ach is mar sin atá.  Gan daoine ní bheidh pobail ann.

### OBAIR

Is fiú cúpla rud ginearálta a lua ar dtús:

- De réir a bhfuil feicithe againn beidh sé geall le bheith do-dhéanta obair a chur ar fáil san bpobal… seo do phobal na háite seo.
- Caithfidh bóithre maithe a bheith ann sa gcaoi agus go mbeidh deis ag cuid de na daoine anseo a dhul ag obair go Gaillimh, nó go bailte móra eile agus a theacht abhaile tráthnóna; caithfidh siad a bheith inann a dhul ag obair i nGaillimh agus cónaí anseo sa mbaile.
- Ba cheart go lonnódh Údarás na Gaeltachta eastáit/ionaid nua-theicneolaíochta agus seirbhísí gnó in iarthar Chonamara agus buntáistí ar leith a chur ar fáil ann le gnóanna den chineál nua a thabhairt ann.  Is cosúil gur gar do Ghaillimh uilig atá an bhéim ar an gcineál seo fostaíochta nua-aimseartha.
- Go háitiúil, caithfear iarracht láidir a dhéanamh le jabanna breise a chur ar fáil sa gceantar féin.

## Go háitiúil …
## *na bealaí praiticiúla faoi láthair*

### FEILMÉIREACHT BRADÁN

An tóin títithe as le cheithre bliana anuas.  Tá Údarás na Gaeltachta ag coinneáil leis go láidir i gcónaí.  Tá plean ann leis an méid tonnaí a ardú faoi thrí agus an líon jabanna a dhúbailt as seo go ceann cheithre bliana. Thimpeall 40 jab atá sna bradáin thart anseo anois.

Faoi láthair, níl ach dhá chomhlucht a bhfuil bradáin sa bhfarraige acu agus tá an dá dhream acu i gceantar na nOileán.  Is cinnte go bhfuil amhras ar dhaoine faoin tionscail théis a bhfuil tarlaithe.

Tá súil ag chuile dhuine go n-éireoidh leis an athbheochan agus go gcuirfear na deiseanna atá ag teastáil ar fáil ar Pháirc na Mara i gCill Chiaráin.  Ach, tá ceisteanna móra ann faoin airgead atá ag teastáil le n-aghaidh sin…agus níl sé soiléir dúinne, ar chuma ar bith, cén leagan amach atá ar an bplean do Pháirc na Mara, cén uair a dhéanfar é srl.  Is cosúil nach bhfuil sé

soiléir ar le Údarás na Gaeltachta na foirgintí agus na háiseanna a chur ar fáil, nó an leagfar go leor den dualgas ar thionscail na mbradán. An bhfuil dóthain airgid…agus dóthain dóchais ag na feilméaraí bradán le bualadh faoi théis a bhfuil tarlaithe dóibh le 5 nó 6 de bhlianta. Níl le déanamh ag daoine ach súil a chaitheamh amach ar Chuan na Beirtrí Buí agus an t-athrú atá ansin anois.

Ach, tá sé rí-thábhachtach go n-éireodh leis an athbheochan seo ar thionscail na mbradán san gceantar seo.

## FEAMAINN

Seacht nduine déag ag obair i gCill Chiaráin agus iad ag obair de ló agus d'oíche agus muid ag scríobh. Sin athrú a thabharfadh dóchas do dhuine. Ach, tá an líon lucht bainte feamainne ag laghdú. Tá iarrachtaí ar bun le fada le malairt margaí a fháil agus malairt táirgí. Go réadúil, an féidir an líon postanna a mhéadú? Is deacair a rá.

## AN TROSC

Tá ag éirí go maith leis na trialacha, adeirtear. D'fhéadfadh toradh maith a bheith ann ach níl ar bun fós ach obair thrialach, dháiríre.

Caithfear fanacht go bhfeicfear cén chaoi a n-éireoidh le cúrsaí as seo go ceann cúpla bliain sul ar féidir aon bhlas a rá faoi seo go cinnte.

## SLIOGÉISC GO GINEARÁLTA

Tá an focal "potential" dá úsáid faoi seo le fada. Ach, má tá "potential" mór ann níl sé le feiceáil anseo. Tá rud eile faoin tsliogéisc - níl aon fhostaíocht mhór ag baint leis. Tá sé ráite go dteastaíonn 5 thonna sliogéisc le jab amháin lán-aimseartha a chur ar fáil. San am chéanna, tá tábhacht leis…ach ar féidir an "potential" mór seo a luaitear go minic thabhairt go barr uisce thart anseo?

## SAOTHARLANN MARA N.U.I.G.

Taighde thábhachtach ar bun ann. Líon postanna áitiúla mar a bhí sé le fada. Cheadaigh an Stát beagnach €3m. le n-aghaidh cúpla bliain ó shin. Obair déanta taobh istigh ann. Breathnaíonn sé an-dona ón mbóthar. Tá buildeáil nua le déanamh gar don Ionad go gairid.

Tá dhá scór acra ag an Saotharlann. Tá siad sásta léas fad-théarmach a thabhairt do Ú na G ar an talamh sin agus cead a bheith ag an Údarás Páirc Mara a fhorbairt ansin. Tá sé ráite go bhfuil an "potential" ag baint leis seo. Ach, ní bheadh mórán céille le bheith ag comhaireamh postanna ar an dá scór acra sin faoi láthair. Amach anseo? Caithfear fanacht go bhfeicfidh muid comharthai níos soiléire.

## TIONSCAIL EACH UISCE

Tá dul chun cinn anseo. Ceaptar go bhféadfadh gcuirfí bun láidir faoin tionscail seo an chéad bhliain eile. Tá ceisteanna ann faoi Ionad ceart le n-aghaidh.

Ceaptar go bhféadfadh 10 bpost a bheith ann. Go n-éirí leo.

## OBAIR THÓGÁLA

Fíor-thábhachtach sa gceantar seo agus i nGaeltacht iarthar agus dheisceart Chonamara uilig. Fir oibre ar an mbealach traidisiúnta iad go leor de mhuintir Ghaeltacht iarthar Chonamara. Má lagann an tógáil - agus seans go dtiocfaidh lagan uirthi luath nó mall - gheobhaidh na ceantair seo droch iarraidh; caithfidh roinnt daoine imeacht.

Tá rud eile ann - níl mórán obair mhór thógála ar bun sa nGaeltacht anoir ón Spideál. Is i nGaillimh, i mBearna, sa gClochán srl atá an tógáil láidir ar bun le roinnt mhaith blianta. Munach na háiteacha sin, bheadh daoine go leor sa nGaeltacht dímhaoin - sin nó imíthe.

Jabanna amach anseo? Dá mbeadh tuilleadh tógála sna bailte Gaeltachta gar do láthair, chuideodh sé leis an scéal, ach níl. An mbeidh? Ceist thábhachtach! Ceist mhór!

## OLLSCOLAÍOCHT GHAEILGE

Glac bheag daoine as an áit ag obair ann - tuairim 5. Roinnt cúrsaí ar fáil atá go maith ar bhealaí - an chuid is mó acu le cabhair ó Údarás na Gaeltachta. Ach an mbeidh cúrsaí céime agus cúrsaí ard-oideachais ar siúl ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i gCarna a chuirfidh cáilíochtaí ar fáil do dhaoine le postanna ar leith a fháil? An ndéanfar an oiread forbartha agus go mbeidh lear maith daoine ag teacht anseo ag staidéar? An ndéanfar an fhorbairt ar sheirbhísí agus ar áiseanna ar láthair Áras Shorcha Ní Ghuairim a bhí chomh mór sin i gceist ar feadh tamaill? Níl a fhios againn. Tá pleananna ann …ach tá siad ann le scaitheamh maith. Ní bheadh mórán ceille le bheith ag comhaireamh postanna breise - as seo go ceann roinnt blianta pé ar bith scéal é - ar an Ollscolaíocht Ghaeilge anseo.

## COLÁISTE GAEILGE SAMHRAIDH

Fíor-thábhachtach. Ach ní mór súil a chaitheamh chun cinn. Is cosúil nach bhfuil an oiread fonn ar dhaoine na "Gaeilgeoirí" a thógáil sna tithe anois i gcuid mhór áiteacha anois. Tá cúiseanna éagsúla leis sin. Tá an saol ag athrú. Ach, tugann an Coláiste Gaeilge airgead isteach san áit - airgead atá saothraithe freisin. Chomh maith leis sin tagann tuismitheoirí agus cairde ar feadh deireadh seachtaine. Cuidíonn sin le tionscail na turasóireachta.

## TURASÓIREACHT

Tá caint ann le fada ar an turasóireacht chultúrtha ach níl aon bhorradh suntasach tagtha faoi. Tá leas déanta ag an Óstán anseo don turasóireacht ach ní ceantar láidir turasóireachta é seo. Ní thagann na busanna turasóirí an bóthar seo ach an oiread. Sin cuid thábhachtach don turasóireacht - ní fhanann cuairteoirí na mbusanna sa gceantar ach ceannaíonn siad roinnt agus cuireann siad roinnt eolais ar an gceantar de bharr a dturas. Ba cheart go bhféacfadh rannóg turasóireachta Údarás na Gaeltacht le roinnt busanna a stiúiriú an taobh seo.

* * *

***Ansin thuas tá súil caite ar fhormhór na bpríomh fhoinsí oibre a bhí ann le fada an lá - farraige, Gaeilge, tógáil srl. Ach, beagbeann ar na foinsí sin, tá an pobal lagaithe. Déarfaidh daoine i gcónaí go bhféadfaí go leor eile a bhaint as na foinsí sin - b'fhéidir. Ach, tá an méid seo soiléir - ní thabharfaidh na tionscail/foinsí sin mórán deiseanna do fhormhór dhaltaí Ard Teistiméireachta na bliana 2005 filleadh abhaile ag obair anseo sa gcineál post a mbeadh siad cáilíthe le n-aghaidh. Agus tá an t-achar chomh fada agus na bóithre chomh dona sin agus nach rogha dóibh maireachtáil sa mbaile agus taisteal go laethúil go Gaillimh - nó chuig na háiteacha móra nua a bheidh i gceantar an Uaráin Mhóir.***

***Ansin tá ceist na pleanála ann.***

## PLEANÁIL - CEAD PLEANÁLA- TITHÍOCHT

Dá dtarlódh sé go mbeadh go leor daoine óga ag fanacht…agus roinnt mhaith daoine breise ag cur futhu sa gceantar… cur i gcás 2,300 go 2,500 mar a bhíodh ann. An mbeadh tithe agus arasáin ann dóibh, nó an bhfaigheadh siad cead pleanála?

Is minic go bpléitear cúrsaí pleanála ar bhealach teibí - focla móra agus prionsaibil mhóra srl. Shílfea go bhfuil sé thar 'á bheith casta.

San "real world" ba cheart go mbeadh an córas pleanála múnlaithe le pobail tuaithe agus Ghaeltachta a choinneáil beo, bríomhar…agus an daonra a mhéadú sna pobail atá i gceantair CLÁR, go háirithe.

Tuairim's 3.5 duine in aghaidh an tigh atá sa tír seo anois - mórán mar a chéile atá sé sa bpobal seo. San aimsir a caitheadh, bhíodh teaghlaigh móra ann - níos mó daoine agus níos lú tithe.

Tá sé thar 'á bheith soiléir - nó ba cheart go mbeadh - go dteastaíonn i bhfad níos mó tithe anois sna pobail tuaithe…an pobal seo ina measc - má tá daonra láidir le coinneáil iontu.

## BUNSTRUCHTÚR….BÓITHRE, UISCE SRL.

Aríst, ach an oiread le cúrsaí forbartha sláinte agus sóisialta, tá obair iontach déanta ag an bpobal féin faoi chúrsaí infrastruchtúr:

- Scéim Uisce an cheantair - scéim den chéad scoth ar bun anois agus le críochnú taobh istigh de bhliain;
- Scéimeanna séarachais sna sráidbhailte - geallta idir seo agus 2007 agus iad an-tábhachtach;
- Córas teileafóin - fuarthas an crann cumarsáide i Leitir Peabhraim agus tá dul chun cinn dá dhéanamh leis an Broadband…tá tuilleadh ag teastáil agus go sciobtha;
- Leictreachas - anseo a cuireadh tús leis an iarracht le ceangal eile a fháil go hiarthar Chonamara (líne ard chumhachta as Uachtar Ard go Sraithe Salach) agus tá béim go leor curtha ar sheirbhís níos fearr leictreachais le blianta beaga anuas;
- Bailte slachtmhara - iarrachtaí móra dá ndéanamh le scéimeanna fiúntacha feabhsúcháin agus maisiúcháin a fháil déanta sna sráidbhailte. An Chomhairle Contae i bhfad ró-mhall leis seo;
- Bóithre …..ag bun agus barr chuile nídh thart anseo. Muid a chur chun cinn an feachtas go mbeadh bóthar ceart go Gaillimh. Tá muid ag iarraidh scéim mhór fheabhsúcháin, leathnúcháin ar an R. 340. Cén fáth nach bhfuil na doirse briste in oifigí na Comhairle Contae ag Údarás na Gaeltachta faoi seo? Gan bóithre maith anseo …agus isteach go Gaillimh…bheadh sé chomh maith dúinn a bheith ag feadaíl ar na faoileáin sna Sceirdí.

## AR AIS CHUIG NA DAOINE!

Ní miste a mheabhrú dúinn féin as éadan go bhfuil daoine agus pobal daoine i gceartlár chroí na ceiste seo i gcónaí. Mar adeir fear as ceantar Ros Dumhach ar Raidió na Gaeltachta le gairid ní labhrann na éanacha ná ainmhithe an tsléibhe teanga ar bith - seachas ceol na n-éan.

Tá muintir an cheantar seo ag súil le caighdeán áiríthe maireachtála anois agus tá na daoine óga ag fáil oideachais …..agus ní bhfaighidh a bhformhór na jabanna a theastaíonn uathu anseo, ná sách gar do bhaile, le bheith inann taisteal isteach agus amach as an áit chuile lá. Sin í an fhadbh mhór anseo …..munar féidir deireadh a chur leis an bhfadhb sin, cuirfidh an fhadbh sin deireadh leis an bpobal.

Níor mhór breathnú ar bheartais ar leith freisin má táthar dháiríre faoi phobail Ghaeltachta ar imeall thiar na hÉireann a choinneáil beo agus bríomhar.

# Tigh Gheraghty

**Carna**

**BUNAÍODH IN 1850**

**Ollmhargadh**
**Búistéir Bácáil Baile**
**An LOTTO Náisiúnta**

*Guíonn Mairéad, Micheál Mac Oireachtaigh agus a bhfoireann Nollaig mhaith agus athbhliain faoi mhaise oraibh uilig.*

**Teileafón: 095-32239 agus Facs: 095-32333**

# Adhmad Teo.

Casla, Conamara,
Co. na Gaillimhe.

**KITCHEN UNITS**
•
**CÓFRAÍ**

Troscán de chineálacha eile

Togha na hoibre

**Fón : 091-572290**

# Ceardaíocht Chonamara Craftshop

**Aonad2**
**Ionad Fionntar**
**Ruisín na Manach, Carna**
**Fón:** 095-32848 **Ríomhphost:**
ceardaiochtchonamara@hotmail.com



**Cártaí as gaeilge, Decophage, Seodra**
**Nithe Cniotáil agus Cróise,**
**Criostal, Earraí Ócáideach**
**Agus go leor eile…..**

**Beannachtaí na Nollaig dár *gcustaiméara***
***agus don Phobal uilig.***



# Camus Autos Tyre Centre

Camus, Conamara,
Co. na Gaillimhe,
091-574197
087-2871658

Boinn do chuile chinneal.
Pirelli, Dunlop, Sava, Nankang

Agus le haghaidh
Caranna, Jeeps, Vans, Light trucks, Tractors.

Chomh maith le

Service, Tracking, Balancing

Customer Recovery Service.

## AN CÓRAS CÁNACH

Cur i gcás go mbeadh an cháin pearsanta níos ísle i gceantar mar seo atá scoite amach - cur i gcás rátai 15% agus 20% nach ngabhfadh níos airde ná sin nó go mbeadh daoine ag saothrú €65,000 sa mbliain. Bheadh an bhuntáiste leis sin go mbeadh sé dírithe ar dhaoine a choinneáil anseo seachas lucht forbartha a mhealladh anseo. Anois, teastaíonn lucht forbartha freisin agus bheadh sé fánach a bheith ag caitheadh anuas orthu. Ach, teastaíonn daoine anseo agus dá gcreidfeadh daoine go raibh tuilleadh airgid ina bpócaí - anois sin rud a dhíreodh aird dhaoine go leor ar an áit.

## AN BHFUIL SÉ SEO MÍ-RÉADÚIL?

Bhuel, is cosúil gur féidir leis an Stát seasamh le cinneadh go gcoinneofaí teaghlach amach as teach (ceann de na rudaí is bunúsaigh sa saol uilig) ar mhaithe le caomhnú pobal Gaeltachta. Mar sin, is cinnte gur féidir dlí a mhúnlú a d'fhágfadh go bhféadfaí córas ar leith cánach a chur i bhfeidhm i gceann de na ceantair Ghaeltachta is láidre sa tír.

## AN GHAEILGE

I dtuarascáil faoi cheist an Gaeilge agus na daoine atá ar an "Liosta Tithíochta" Comhairle Contae i gCarna a rinneadh cúpla bliain ó shin, scríobh saineolaí an abairt seo:

"There is a sense that in the case of Carna all that protects Irish is the geographical isolation of the community".

Won't work Missus - seo é 2005!

Droch rath ar an "geograhic isolation" adeir daoine a chuala an abairt sin thart anseo - sin é 1905!

## CÚITIMH AS CÚRAMAÍ COSANTA NA GAEILGE

Tá go leor cúram agus dualgaisí agus ceangail dá gcur ar dhaoine sa nGaeltacht ar mhaithe leis na pobail Ghaeltacht a chaomhnú, adeirtear.

Anois, tá ceangail eile ar dhaoine thart anseo ó thaobh leas a bhaint as talamh mar go bhfuil chuile neantóg san áit caomhnaithe. Tá an áit "unique", a bhfeicó! Ach, ar a laghad ar bith tá aitheantas agus airgead éicint tugtha do dhuine as cosaint a dhéanamh ar an timpeallacht. Tá an scéim REPS ann. Faigheann tú é seo mar chúitimh as an gceangal atá ort agus an dualgas ar leith a cuirtear ort le "uniqueness" na háite a choinneáil glan.

CÉARD FAOI "REPS" NA GAEILGE? Cúitimh ag dul isteach i bpócaí na dteaghlach féin as na srianta atá ag dul ar an gceantar agus an dualgas atá orthu.

Ina dhiaidh sin féin, is cosúil go bhfuil an Stát sásta seasamh le cinneadh gur féidir teaghlach a choinneáil amach as teach ar chúis na Gaeilge - cinnte, dá réir sin, is féidir córas íocaíochtaí Ghaeltachta (leathcheann na REPS) a thabhairt isteach - rud dearfach ar mhaithe le caomhnú na Gaeilge. Tá an Aontas Eorpach sásta na céadta milliún euro a chaitheamh ar chúitimh timpeallachta - céard faoin nGaeilge?

## DEONTAIS NA GAEILGE

D'fhéadfaí an córas "REPS" Gaeltachta a mhúnlú ar bhealach eile.

Cur i gcás go mbeadh deontas láidir ag dul do theaghlaigh a bheadh ag labhairt na Gaeilge sna pobail Ghaeltachta?

Bheadh sé seo bunaithe ar na pobail traidisiúnta. Sé an líon gasúr a gheobhadh an deontas Gaeilge sna scoileanna an slat tomhais a bheadh ann. Dá mbeadh an líon sin ard, bheadh an deontas is airde bliantúil ar fáil sa bpobal sin …agus ag laghdú de réir cumas Ghaeilge an teaghlaigh.

Ó thaobh na dteaghlach, bheadh deis ag chuile líon tí - bíodh sin ina dhuine aonair sa teach, nó ina theaghlach - inann cur isteach ar an deontas seo. Chuirfí scrúdú orthu - réadúil - agus dá mbeadh siad sách maith bheadh an deontas is airde ag dul dóibh ….agus ag laghdú de réir an chumais Ghailge sa teach. Ba cheart go mbeadh suas le €15,000 sa deontas is airde - agus nach mbeadh cáin dá bhaint as seo. Cinnte, chaithfeadh sé gur féidir socrú mar seo a dhéanamh ó tharla gur féidir duine a choinneáil amach as teach ar mhaithe le caomhnú na Gaeilge!

Sa gcás agus nach mbeadh ach líon íseal ag fáil an deontais Ghaeilge i scoileanna an phobail, bheadh na deontais teaghlaigh i bhfad níos ísle sa bpobal sin srl - beagbeann ar an gcumas labhartha Gaeilge a bheidh ag muintir tigh ar leith; sa gcaoi sin, bhéifí ag cur dualgas ar an bpobal in iomláine, go háirithe tuismitheoirí clainne agus scoileanna.

Sin anois rud a chuirfeadh airgead dháiríre síos i bpócaí na ndaoine sna Gaeltachtaí láidre agus a chuideodh go maith le saol eacnamaíochta agus sóisialta an phobail; mar atá sé anois, níl formhór na dteaghlach sna pobail láidre Gaeltachta ar nós Iorras Aithneach, Ros Muc na hOileáin srl. ag feiceáil mórán buntáiste, dháiríre as obair an Údaráis - ní hionann é agus soir i dtreo na Gaillimhe sa áit a bhfuil monarchana, tionscail, raidió, teilifís, áiseanna ollscoile, oifigí Údarás na Gaeltachta, oifigí Roinn na Gaeltachta, oifigí an Choimisinéara Teanga, ollscoil srl. Tá go leor daoine ag obair sa taobh sin tíre - idir phobal dúchasach na háite agus daoine atá tagtha isteach ann.

Ach, dá mbeadh an socrú seo ann faoi dheontas bliaintúil do theaghlaigh Gaelacha sna ceantair Ghaeltachta is iomaí sin duine a smaoineodh go láidir ar fhanacht ann - aistriú siar ann srl. Níor mhór go mbeadh bearna an-mhór idir an deontas sa nGaeltacht láidir agus sa nGaeltacht lag, ar ndóigh.

# Siopa Dowd

## Statoil

**Carna**
**Conamara**
**Fón /facs: 095-32882**

Cártaí Mháirín

## Ó Dubhda, Tógalaí

*Seoladh muid beannachtaí na Nollaig chuig ár gcustaiméara ar fad.*



# Tigh Mhóráin

## Teach Ósta

• Peter Fitzpatrick •

Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe.
Teileafón: (095) 32570/32763

Off Licence - Deoch, Ceol & Craic.
Pool Table + Juke Box

**Seolann muid beannachtaí na Nollaig chuig an bpobal uilig.**



# T. Ó Máille Teo.

Ros Muc, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-574101

• Earraí Grósaera •

• Crua-Earraí, Éadach •

• Ábhar Tithe •

*Go n-éirí go geal leis an gCoiste ina gcuid oibre.*



# Paddy Keane

## *Ó Catháin Teoranta*

**CONRAITHEOIR TÓGÁLA**

**Gabhla**

Teileafón agus Facs: 095-31017
Teileafón póca: 086-8251276

# Peil, spóirt, caranna agus spóirteanna eile!

***Chuir muid ceisteanna ar cheathrar de fhoireann peile Charna faoi chúrsaí spóirt … agus faoi chúpla rud eile. Seo mar a d'fhreagair siad.***

## Micheál Ó Cathasaigh (An Más)

*Scóráil Micheál 2-1 i gcluiche ceannais peile na Gaillimhe in aghaidh Bhóthar na Trá. Ar chlé, nó ar dheis sa líne lán tosaigh a imríonn sé. D'imir sé do fhóireann mionúir na Gaillimhe agus do fhoireann Gairmscoileanna na contae.*

**Ócáid pheile is mó atá fanta in do intinn?**
Cluiche ceannais peile na Gaillimhe in aghaidh Bhóthar na Trá i mbliana.

**An t-imreoir is fearr a mharcáil tú?**
Val Ó Féinneadha as mo chumann féin.

**Cén aidhm atá agat sa bpeil?**
Ba mhaith liom craobh sinsir peile na Gaillimhe a bhuachaint.

**As caranna an domhain cén ceann a thabharfá leat?**
Range Rover Jeep.

**Do rogha as mná an domhain …cén "date" a b'fhearr leat?**
Ó gan dabht - Angelina Jolie.

**Céard é an clár teilifíse is fearr leat?**
Little Britain ar RTE 2.

**Do laoch spóirt?**
Andre Agassi. Bhí an suim agam san Leadóg ag éirí aníos dom agus bhí Andre Agassi i mbarr a mhaitheasa an uair sin.

**Caitheamh aimsire seachas peil?**
Sacar agus snámh.

**An áit is mó ar mhaith leat saoire …nó scaitheamh…a chaitheamh ann?**
An Astráil. Tá mé ag cuimhniú ar a dhul ann an bhliain seo chugainn, ach níl mé cinnte faoi sin fós.

## Colm Ó Loideáin

*Tháinig sé isteach ar an bhfoireann idirmheánach agus sinsir agus é an-óg. Leathchúlaí daingean. Tá sé inann a dhul siar mar lán-chúlaí freisin …agus inann a dhul sna tosaithe.*

**Ócáid pheile is mó atá fanta in do intinn?**
Dhá chluiche - an cluiche ceannais Idirmheanach nuair a chuaigh muid sna sinsir agus cluiche ceannais sinsir na Gaillimhe i mbliana.

**An t-imreoir is fearr a mharcáil tú?**
Pádraig Joyce. Ni hé amháin go bhfuil an-scil aige; tá sé an-láidir freisin.

**Cén aidhm atá agat sa bpeil?**
Carna a thabhairt as ais sna sinsir aríst. Silim go mbeidh muid inann é a dhéanamh - tá foireann óg againn.

**As caranna an domhain cén ceann a thabharfá leat?**
Ferrari.

**Do rogha as mná an domhain …cén "date" a bhfearr leat?**
Abi Titmus - model Sasanach. Cé nach raibh a fhios agat cé hí féin?

**Céard é an clár teilifíse is fearr leat?**
CSI Miami - clár a mbíonn cúrsaí Forensics i gceist ann …bíonn sé ar RTE 2.

**Do laoch spóirt?**
Roy Keane.

**Caitheamh aimsire seachas peil?**
"Ah …ag hangáil thart leis na lads agus dá thógáil go réidh, scaití"

**An áit is mó ar mhaith leat saoire …nó scaitheamh…a chaitheamh ann?**
An Astráil…nó Meiriceá. Tá gaolta liom i mBoston agus thart i Meiriceá.

## Conor Ó Cadhain

*An fear mór lár páirce. D'imir sé peil i gCorn Sigerson agus d'imir sé do fhoireann ógánach na hÉireann in aghaidh na hÁstráile i 1998.*

*An-bhliain aige i lár an gharraí do Charna; fuair sé an ceann is fearr ar na fir lár-páirce is aitheanta sa gcontae sa gCraobh.*

**Ócáid pheile is mó atá fanta in do intinn?**

Paráid na bhfóirne roimh chluiche ceannais na Gaillimhe i mbliana. Breathnaigh mé i dtreo an ardáin agus chonaic mé an slua as mo phobal féin; thuig mé ansin go raibh níos mó ná cluiche peile i gceist.

Fanann an cluiche in aghaidh na hAstráile im m'intinn freisin.

**An t-imreoir is fearr a mharcáil tú?**

Triúr - Ger Mc Manus as Uíbh bhFáille (sciobtha), Kevin Walsh (cliste-cumasach) agus Patrick Walsh as Ceatharlach (an -pheileadóir).

**Cén aidhm atá agat sa bpeil?**

Bhuel, bhí mé ag iarraidh i gcónaí go gcothófaí meas ar Charna ar fud an chontae…agus sílim gur dearnadh é sin i mbliana sa gCraobh. Amach romhan? Simplí go maith - an ceann is fearr a fháil ar an té atá i m'aghaidh.

**As caranna an domhain cén ceann a thabharfá leat?**

Bhí mé ag cuimhniú ar an sean Anglia atá ag Paddy Mháirtín Sonny … ach sílim gur b'fhearr liom an Nissan Sunny sin atá ag mo athair! Sea, an Nissan Sunny … agus Angelina i suíochán an phaisinéara!

**Do rogha as mná an domhain …cén "date" a b'fhearr leat?**

Angelina Jolie. Dá mbeadh aon chúram eile ar Angelina b'fhéidir go mbeadh seans ag Sharon Ní Bheoláin!

**Céard é an clár teilifíse is fearr leat?**

Na Soprano's agus The Office.

**Do laoch spóirt?**

Edward Ó Cuinneáin a imríonn linn féin …agus níl mé ag diabhlaiocht sa gcás seo. Ní bhacann sé le poiblíocht, déanann sé a chionn i gconaí, tugann sé misneach agus ugach duit. Cara le chuile dhuine. Tá a chroí agus a anam ann.

**Caitheamh aimsire seachas peil?**

Taisteal, ceol (Rock agus ceol na hÁise) agus an pholaitíocht.

**An áit is mó ar mhaith leat saoire …nó scaitheamh…a chaitheamh ann?**

An Astráil agus Meiriceá feicithe agam. Ba mhaith liom turas Che Guevarra a dhéanamh i Meiriceá Theas. Ar mhotor-bike a rinne sé an aistir. Tá sean-Honda sa seid ag Séamus Ó Catháin i nGabhla agus bhí mé ag cuimhniú ar …ach silim gur ar bhealach éicint eile a dhéanfaidh mé an aistir!

## Mark Clancy

*D'imir sé thar cionn do Charna/Caiseal nuair a aistríodh amach go lár an gharraí é i mbliana. Fear an aclaí agus bhí sé ar fhoireann bhuachaillí scoile chontae na Gaillimhe a bhuaigh Craobh 10,000 méadar na hÉireann sna naochaidí. Ritheann sé go leor i gcónaí agus tá sé ag cuimhniú ar Mharathon Londain a thriáil san Aibreán seo chugainn.*

**Ócáid pheile is mó atá fanta in do intinn?**

An lá a dtáinig Carna/Caiseal aníos sna Sinsir; bhuail muid Cortún sa gcluiche ceannais Idirmheánach amuigh ar an bhFáirche.

**An t-imreoir is fearr a mharcáil tú?**

Sé Seán Ó Drisceoil as Béal Átha an Ghaorthaigh i nGaeltacht Chorcaigh an peileadóir is fearr ar imir mé ina aghaidh.

**Cén aidhm atá agat sa bpeil?**

Carna a fheiceáil ar ais sna Sinsir sa gcontae. Tá mé an-dóchasach gur féidir linn a theacht ar aris aríst an bhliain seo chugainn.

**As caranna an domhain cén ceann a thabharfá leat?**

Ferrari.

**Do rogha as mná an domhain …cén "date" a b'fhearr leat?**

Tá go leor smaoineamh déanta agam ar seo!! Silim - Angelina Jolie.

**Céard é an clár teilifíse is fearr leat?**

The Panel - clár grinn. Bíonn sé ar RTE 2 …agus ar theilifís eile, is dóigh.

**Do laoch spóirt?**

Deigo Maradonna, an t-imreoir sacair as Argentina.

**Caitheamh aimsire seachas peil?**

Aclaíocht agus ritheacht.

**An áit is mó ar mhaith leat saoire … nó scaitheamh … a chaitheamh ann?**

Meiriceá Theas. Tá mé théis breathnú ar chuid mhaith cláracha teilifíse faoin áit agus ba mhaith liom camchuairt a thabhairt ann.

## Niall Ó Cadhain

*Peileadóir ildánach - lán tosach do Charna/Caiseal agus leath chúlaí láir ar fhoireann na Gaillimhe a bhuaigh Craobh faoi-21 na Gaillimhe i mbliana. Ar phainéal sinsir na Gaillimhe agus sách óg don fhoireann faoi-21 aríst i mbliana.*

**Ócáid pheile is mó atá fanta in do intinn?**
Tharla go leor i mbliana idir chluiche ceannais na Gaillimhe agus rudaí eile. Ach, is dóigh gur b'é buachtaint Craobh na hÉireann le foireann faoi-21 na Gaillimhe an rud is mó atá fanta im m'intinn.

**An t-imreoir is fearr a mharcáil tú?**
Michael Donnellan.

**Cén aidhm atá agat sa bpeil?**
Bonn Chraobh na hÉireann a bhuachtaint le sinsir na Gaillimhe agus Craobh Contae a bhuachtaint le Carna/Caiseal.

**As caranna an domhain cén ceann a thabharfá leat?**
BMW X4.

**Do rogha as mná an domhain …cén "date" a b'fhearr leat?**
Angelina Jolie.

**Céard é an clár teilifíse is fearr leat?**
The Office …dá 'speáint ar RTE 2 agus bhí sé ar an BBC roimhe seo.

**Do laoch spóirt?**
Roy Keane.

**Caitheamh aimsire seachas peil?**
Breathnú ar imeachtaí spóirt ar an teilifís.

**An áit is mó ar mhaith leat saoire …nó scaitheamh…a chaitheamh ann?**
Sydney san Astráil. Ba mhaith liom píosa taistil a dhéanamh nuair a bheidh cúrsaí Ollscoile críochnaíthe … ach má tá duine gafa go mór leis an bpeil, tá sé deacair an t-am a fháil.



**Ó chlé, Máirtín Ó Gríofa, Tomás Ó Conghaile, Mel agus Samantha, cairde leo i mbaile mór Le Sables Dolone sa bhFrainc i lár mí Meitheamh ag fáil faoi réir leis an mbád nua *Clan Eagle I* a thabhairt anall go Conamara agus Árainn.**



**Squad car nua Charna!**

# Cóilín Pheige Choilm

## – suaimhneas síorraí dó

**I mí na Samhna seo, 2005, bhásaigh Cóilín Pheige Choilm – Cóilín Bairéad as Damhros. Bhí Cóilín teanta amach sna seachtóidí. Bhí blianta fada caite aige i Sasana ach ba sa mbaile ar rugadh agus ar tógadh ann é a chaith sé deireadh a shaoil …agus b'shin é mian a chroí.**

Chaithfeadh sé gur iomaí sin cuimhne cinn a bhí ag Cóilín ar bhaile Dhamhrois mar bhain scéal fíor-thruamhéileach le laetheanta a óige – scéala a thugann léargas ar an lorg uafásach a d'fhág an eitinn (TB) ar an áit seo, agus ar an tír seo, san aimsir a caitheadh.

Ní raibh Cóilín ach ina pháiste nuair a bhásaigh a athair Seáb Bairéad. Cúigear gasúr a bhí sa teach – clann mhac uilig. Ba throm an t-ualach a fágadh ar bhean an tigh, Peige Choilm Uí Uaithnín as Damhros agus í fágtha ina baintreach. Ach, bhí tuilleadh trioblóide agus briseadh croí amach roimpi.

Rinne na fir óga a seacht ndícheall le cóir níos fearr a chur ar an áit agus thóg siad teach nua i 1939.

Ach, ní móran le cois aois fir a bhí sroichte ag clann Pheige Choilm nó gur theagmhaigh an eitinn (TB) dóibh. Bhásaigh Tom ar dtús agus ansin bhásaigh John. Rug an tinneas ar Mhacdara freisin agus bhásaigh seisean. Ansin i 1942 bhásaigh an ceathrú mac – Paddy. Bhíodh sé ráite futhu go raibh siad ar fhir chomh breá agus chomh daithiúil agus a bhí sa bpobal ach ní raibh aon bheann ag an droch-thinneas ar an spreac ná ar an óige. Ní raibh fanta ach Cóilín.

Le himeacht na haimsire chuaigh Cóilín go Sasana. "Thaithnigh Sasana thar cionn leis", adeir a chol ceathrar, Pat Choil Choilm as Damhros. "Shocraigh sé síos go maith ann agus rinne sé neart oibre." Fiú agus go raibh iarrantaí móra faighte aige agus gan é ach ina shean-ghasúr …nó beagán lena chois sin …ní go dúbhrónach ná go dólásach a chaith Cóilín a shaol.



**Pictiúr a tógadh i Slough i Sasana. B'fhéidir gur i dtús na seascaidí é –pé ar bith scéal é, tá sé scaitheamh maith ó shin. Tá Cóilín Pheige Choilm ian sheasamh ar chlé agus pionta ina láimh aige.**

**Tá beirt eile a mba as an bpobal seo iad ina suí chun tosaigh. Ar chlé, tá Michael Mheairt Mhicil (Ó Conghaile) as Coill Sáile agus sé Máirtín Mhaidhc Phaddy (Ó Conghaile) as Duibh Ithir an fear eile atá ina shuí. Níl a fhios againn cé hiad an bheirt eile atá ina seasamh …chuile sheans gur cuid don chomhluadar Éireannach iad.**

Ansin, cúpla bliain ó shin agus é ar cuairt eile abhaile dúirt sé le Pat Chol go raibh rún ina chloigeann aige – ba mhaith leis deireadh a shaoil a chaitheadh sa mbaile. "Tháinig sé amach don traein i nGaillimh théis dó a theacht as Sasana agus bhí muid ag comhrá", adeir Pat. "Ba ansin a dúirt sé liom gur thaithnigh Sasana thar cionn leis ach gur mhaith leis bás a fháil in Éirinn agus ba mhaith leis gur i Muighros a chuirfí é."

Dúirt Pat leis go raibh mile fáilte roimhe…agus ba ansin le muintir Uaithnín i nDamhros, áit ar caitheadh go flaithiúil agus go gnaiúil leis, a chaith sé an dá bhliain a bhí fanta aige.

"Ó siúráilte, scaití, dhéanfadh sé roinnt cainte faoina mhuintir agus faoina dheartháracha", adeir Pat Chol. "Ach ba ghráin leis an focal eitinn nó TB. Ní raibh sé ag iarraidh é a chloisteáil agus thuigfeá dó".

Ar an 22ú lá do Shamhain i mbliana tugadh Cóilín Pheige Choilm as Teach an Phobail i gCarna agus cuireadh é i gcré na cille i Muighros – in éindí lena athair, a mháthair agus an ceathrar dearthár leis a bhásaigh agus iad faoi bhláth na hóige- cuid de na fir ba bhreátha sa bpobal seo.

Suaimhneas síorraí do chuile dhuine acu anois i reilig Mhuighrois.

# An Aimsir a Caitheadh



Tomás Mac Donnchadha (Tom Shéamuis) as Ruisín na Mainíoch. Tógadh a pictiúr i mBoston i Meiriceá ionann agus 75 bliain ó shin. Ba é Tom athair an pholaiteora, Sonny McDonagh a bhfuil cur síos air san Irisleabhar seo. Ba deartháir é Tom leis "An Seaimpín". Rugadh Tom - nó Black Tom mar a tugtaí air i mBoston - in 1865 agus bhásaigh sé i 1948. Tá sé curtha i reilig New Calvary i gceantar Roslindale/West Roxbury i mBoston.



Máire Ní Chadhain as an Oileán Iarthach agus Micheál Ó Mainnín (as áit éicint i gConamara, is cosúil). Phós siad ar an gCeathrú Rua in 1858, chuaigh siad chun na hAstráile agus bhásaigh siad ansin 100 bliain ó shin.

Tógadh an pictiúr seo i Halla Damhsa an Gresham, Londain sna 1970óidí. Ó chlé - Michael Joeen Walsh as Cill Chiaráin, Michael Sonny Mhicil as Inis Treabair, Baba Pheadair Eoin as an Aird Mhóir, John Mhary Madden (Ó Conghaile) as Coill Sáile agus Michael Mac Donnchadha (deartháir le Richard) as Cill Chiaráin. ↓







**Col ceatharachaí i mBoston tuairim's 75 bliain ó shin. Ar chlé, Bidín Josie as Gabhla, sa lár Baibín Josie as Gabhla (beirt dheirfiúr le Sonny Josie …Ó Catháin) agus ar dheis col ceathrar leo, Nóra Ní Chuirrín as an Oileán Máisean.**

**Peigí Ní Cheoinín as Leitir Ard agus Micheál Ó hUaithnín (Michael Choilm Uí Uaithnín) as Ruisín na Mainíoch. Chuaigh siad go Meiriceá agus chaith siad a saol i mBoston áit a bhfuil cuid dá gclann ina gcónaí fós.**



**Col ceathracha i Londain sna 1970óidí. Máire Ní Chatháin as Gabhla ar chlé agus a deirfiúr Eibhlín ar dheis in éindí le Micheál Ó Conghaile (Michael Sonny Mhicil) as Inis Treabhair i Halla Damhsa an Ghresham.**



**Tógadh an pictiúr seo ar an Oileán Iarthach i 1936. Ó chlé: Patrick Mhary Ann Ó Cadhain, Mickey Mhary Ann Ó Cadhain, Mickey John Ó Cadhain (atá anois i nGabhla), Joeen Coyne (athair Cholman Coyne i gCill Chiaráin) agus John J. Coyne (deartháir le Mickey Coyne).**




**Muintir Chadhain as Gabhla sna 1960aidí. Ó chlé: Eileen, Mary (clann Mhicky), Tom Anthony Coyne, Mairéad Bean Uí Chadhain, Mickey Ó Cadhain agus a mhac óg, Oliver, ina ghabhail aige agus Annie Joyce (nach maireann) as Leitir Seana.**



**Ar an "mBeet" i monarcha Felsted i Sasana i dtús na 1970óidí. Ó chlé: Dudley Tom Sheáinín as Leitir Móir, Tommy Tom Sheáinín, Michael Sonny Mhicil as Inis Treabhair agus Frank Lee as Leitir Mealláin.**



**Pictiúr ón mbliain 1974. Ó chlé - Cóilín Ó hIarnáin (Ruisín na Mainíoch, Micheál Ó hIarnáin (Ruisín na Mainíoch) agus Michael Joeen Walsh as Cill Chiaráin. Bhí an triúr seo ag iomra le chéile idir 1973 agus 1975 agus bhí siad ar an bhfoireann a b'fhearr i gConamara. Go deimhin, i 1974 bronnadh ceann de Ghradaim Spóirt na Gaillimhe orthu agus sé an tAire Gaeltachta a bhí ann san am, Tom O'Donnell, a thug an trofaí sin dóibh i dTeach Furbo. Sin scaithín maith ó shin anois … agus sna blianta sin bhásaigh Micheál Ó hIarnáin ina fhear óg.**



**Micheál Ó Cuirrín as Ruisín na Mainíóch. In Arm Mheiriceá a bhí sé. Maraíodh é sa bhFrainc os cionn trí scóir bliain ó shoin. Ba uncail é leis an "Dochtúr" Micheál Ó Cuirrín.**

# Peil na mBan Cumann Ghráinne Mhaoil

**Tá cailíní as iarthar Chonamara uilig ag imirt do Chumann Ghráinne Mhaoil agus tá a gcion féin déanta ag cailíní Iorras Aithneach ar fhoirne an chumainn le roinnt blianta anuas.**

Sí Gearóidín Nic Táibhís as Carna an caiptín atá ar fhoireann idirmheánach Ghráinne Mhaoil ón mbliain 2002. Imríonn Máire Ní Clochartaigh leis an bhfoireann freisin. Tá peil idir chontae imrithe ag léithide Mháire Ní Chlochartaigh, Lisa Coohil, Gearóidín Nic Táibhís (sóisir), Mary Anna Nic Dhonnchada (sóisir agus mionúir), Tara Standún (sóisir agus mionúir) agus Brenda Ní Mhaoilchiaráin (faoi 12).

Bhí sciorta don mhí-ádh ar Chumann Ghráinne Mhaoil i mbliana; chaill siad cluichí ceannais contae sa gcraobh agus sa tsraith chomórtas sa ngrád idirmheánach. Cill Ainnín a fuair an láimh in uachthar orthu i ch'aon chluiche acu sin. Ina dhiaidh sin, bhuaigh Cill Ainnín Craobh an Chontae.



**Tógadh an pictiúr seo ag cruinniú chinnbhliana Chumann Ghráinne Mhaoil in Ionad Pobail an Chaisil. Seo í Mary Canning a bhí ina Cathaoirleach ar an gCumann ar feadh tamaill – bhásaigh sí ó shin, go ndéana Dia trócaire uirthi.**



**Foireann idirmheánach Ghráinne Mhaoil a d'imir i gcluiche ceannais an chontae i mbliana.**

**Ar ndóigh bhuaigh foireann Mionúir Charna / An Chaisil Craobh an Iarthair nuair a bhuail siad an Spidéal sa gCluiche Ceannais i Rosmuc sa bhFómhar. Bhí sé i gceist againn pictiúr den fhoireann sin a chur san iris ach ní raibh caighdeán an phictiúr a fuair muid sách maith.**

# Kevin McBride

## *i measc na mBan i gCarna*

*.... éindigh le*

*1 Bairbe Ní Chonghaile, Carna*
*2 Fionnuala Ní Ráighne, Leic, Leitir Móir*
*3 Sinéad Ní Ráighne, Trá Bháin*
*4 Jamie Molloy, Leitir Móir*
*5 Máire Uí Chlochartaigh*














**Foireann Charna / an Chaisil agus na fir ionaid i bPáirc an Phiarsaigh roimh chluiche ceannais sinsir an Chontae**

An líne cúil, ó chlé: Éamon Ó Cuinneáin, Ciarán Ó Tuathail, Seán Breathnach, Rónán Ó Cualáin, Dónal Ó Súilleabháin, Dónal Ó Dúbhda, Colm Ó Dúbháin, Marcus Mac Fhlannchadha, Seán Ó Cathasaigh, Seán Ó Cillín, Caoimhín Ó Fátharta, Seosamh Ó Cathasaigh agus Niall Ó Cadhain.

An líne tosaigh, ó chlé: Micheál Ó Cathasaigh, John Mhaggie Ó Flatharta, Colm Ó Loideáin, Micheál Ó Clochartaigh (Caiptín), Conchubhar Ó Cadhain, Colmán Ó Maoilchiaráin, Beartla Ó Cathasaigh, Val Ó Féinneadha, Seán Ó Cualáin agus Micheál Ó Coirbín.